DUL CHUN CINN, TEACHT CHUN CINN

TUARASCÁIL BLIANTÚIL AGUS CUNTAS **2013**

BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

FÍS

Aithnítear an BAI mar rialtóir straitéiseach agus gairmiúil, a dhéanann freastal ar riachtanais féachanna agus éisteachta mhuintir na hÉireann agus a bhfuil meas ag an earnáil chraolacháin agus ag páirtithe leasmhara ábhartha eile orthu.

MISEAN

Mar rialtóir craolacháin na hÉireann, is comhlacht neamhspleách reachtaíochta Údarás Craolacháin na hÉireann (an BAI), atá tiomanta freastal ar shochaí na hÉireann tríd an timpeallacht chraolacháin a rialáil, a mhúnlú agus trí thacú léi, ionas go léiríonn an craolachán cineál fairsing agus daonlathach na hÉireann.

BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Clár Ábhar

MAIDIR LEIS BAI	2
RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	4
ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	6
AN tÚDARÁS	8
AN COISTE UM DHEONÚ CONARTHAÍ	9
AN COISTE UM CHOMHLÍONADH	10
STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA AGUS FOIREANN AN BAI	12
ILLCHINEÁLACHT A CHINNTIÚ	14
IOLRACHT A CHINNTIÚ	22
TIONCHAR A IMIRT AGUS CUMARSÁID A DHÉANAMH	24
TRÉDHEARCACHT AGUS FREAGRACHT CHRAOLTÓIRÍ A THREISIÚ	28
FOGHLAIM AGUS FORBAIRT A ÉASCÚ SAN EARNÁIL CHRAOLACHÁIN	34
CRAOLACHÁN FREAGRÚIL A CHUR CHUN CINN AGUS AN LUCHT ÉISTEACHTA/FÉACHANA A CHUMASÚ	38
RIALACHAS AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL	41
ÚDARÁS CRAOLACHAÍN NA HÉIREANN: RÁITIS AIRGEADAIS	46
AN CISTE CRAOLACHÁIN: RÁITIS AIRGEADAIS	70

MAIDIR LEIS AN FAOIN BAI

Bunaíodh Údarás Craolachán na hÉireann faoin Acht Craolacháin, 2009 ("Acht 2009"). Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2009. Píosa tábhachtach agus suntasach reachtaíocht atá san Acht a rinne dlí craolacháin na hÉireann a ollchóiriú trí nach mór 50 bliain de reachtaíocht a bhain le hábhar a nuashonrú agus a chomhdhlúthú.

Tá sé de chuspóir an Achta trédhearcacht a mhéadú i rialachas an chraolacháin in Éirinn, agus dlisteanacht, freagracht agus nósanna imeachta córa a chur chun cinn i soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach. Baineann feidhmeanna ar leith an Achta le maoirsiú an BAI ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus leithdháileadh cistithe phoiblí.

Leagtar amach in Acht 2009 réimse de chuspóirí ginearálta agus sonracha don BAI agus sonraítear ann, fad a thugann an BAI faoina bhfeidhmeanna, "go dtabharfaidh an BAI faoin méid a leanas a chinntiú:

- go ndéanann líon agus catagóirí na seirbhísí craolacháin a chuirtear ar fáil sa Stát an freastal is fearr ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, agus a dteangacha agus traidisiúin agus an t-éagsúlacht eiticiúil, chultúrtha agus creidimh san áireamh,
- go seastar leis na luachanna daonlathacha atá mar chroílár den Bhunreacht, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse cheart tuairimíochta, agus
- go soláthraítear seirbhísí oscailte agus iolraíocha craolacháin."

Anuas air sin, leagtar amach san Acht réimse cuspóirí eile don Údarás, lena mbaineann:

- cláir a sholáthar atá ar ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach;
- craoltóirí seirbhíse poiblí a éascú i gcomhlíonadh a gcuid cuspóirí seirbhíse poiblí
- éagsúlacht an rialaithe a chur chun cinn in earnálacha tráchtála agus pobail
- a chinntiú go ndéanann rialáil craolacháin:
  - iriseoireacht neamhspleách agus neamhchlaonta a chothú
  - comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú
  - leas leanaí a chosaint
  - earnáil chraolacháin a éascú a fhreagraíonn do riachtanais an lucht féachana agus atá inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas
  - a dhéanann forbairt cláir agus seirbhísí craolacháin Ghaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

In 2011, sheol an BAI a gcéad Ráiteas Straitéise, a thug breac-chuntas ar an méid a bhainfeadh an eagraíocht amach thar thréimhse trí bliana a fhad le 2013. I dturas an ama seo, rinne a misean chun freastal ar shochaí na hÉireann tríd an timpeallacht chraolacháin a rialáil, a mhúnlú agus trí thacú léi, an BAI a threorú, ionas go ndéanann an craolachán cineál fairsing agus daonlathach na hÉireann a léiriú. Anuas air sin, leag an eagraíocht roinnt spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha amach a ndéanfaí a bhfeidhmíocht a thomhas ina leith mar rialtóir thar an tréimhse trí bliana.

In 2013, leag an BAI clár uaillmhianach oibre amach rompu, agus bhí sé ina sprioc acu gach ceann de na spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach faoi dheireadh na bliana, a leag siad amach dóibh féin sa bhliain deiridh dá gcéad straitéis trí bliana. Úsáideann Tuarascáil Bhliantúil 2013 na téamaí agus spriocanna straitéiseacha mar chreatlach a ndéantar tuairisciú ar éachtaí na heagraíochta ina leith.

Ráiteas an Chathaoirligh

Seo an tuarascáil bhliantúil deiridh a sheolfar ar aghaidh i dtéarma reatha oifige an Údaráis; beidh bliain deiridh ár n-oibre le sonrú sa chéad tuarascáil eile. Beidh sé oiriúnach, ar an mbonn sin, chun spléachadh mear a chaitheamh ar obair an Údaráis ó ceapadh iad, mar aon leis an mbliain atá faoi chaibidil.

Ba é cuid de thasc an Údaráis feidhm phraiticiúil a thabhairt do na bearta dá bhforáiltear sa reachtaíocht trí Údarás Craolacháin na hÉireann a bhunú agus chun na hathruithe substainteacha a léiriú sa chleachtas a tháinig ar ról agus freagrachtaí an BAI i dtaobh a gcomhlachtaí réamhtheachtaí. Ba dhúshlán an méid sin, sa mhéid go raibh sraith chasta agus mhionsonraithe tascanna i gceist leis, a mbeadh an chuma orthu, corruair, go bhfuil béim níos mó acu ar an bpróiseas ná ar an toradh. Ach chruthaigh sé an deis, chomh maith, chun súil ghéar a chaitheamh air agus chun na socruithe agus an cur chuige a chruthú ón mbonn aníos a bheidh mar shaintréithe d'obair an BAI le craoltóirí agus leis an bpobal.

Beidh go leor den obair sin á cur i bhfeidhm go fadálach mar gheall gur leag sí an bhunchloch ar féidir le hÚdaráis amach anseo a gcur chuige i leith a ndualgas reachtúil a bhunú uirthi. Díríodh go príomha de shíor ar leas poiblí, agus an ról luachmhar agus ar leith is féidir le craolachán a chomhlíonadh sa phobal seo a aithint. Faoi mar a phléifear níos déanaí, b'ábhair ghéilliúla bhuartha an timpeallacht reatha gheilleagrach agus timpeallacht na meán a bhfuil athrú mear ag teacht uirthi.

Ar cheann de na tascanna an-tábhachtacha a bhronnann an reachtaíocht ar an Údarás ná measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chistithe atá ar fáil do chraoltóirí seirbhíse poiblí, RTÉ agus TG4. I mbliana, anuas ar an athbhreithniú bliantúil, bhí orainn tabhairt faoin gcéad athbhreithniú substainteach ar an gcistiú sin – próiseas a dhéanfar arís amach anseo ag eatraimh chúig huaire sa bhliain. Ba dheis dúinn é seo filleadh ar na chéad phrionsabail agus chun breithniú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna bunúsacha agus an tuarascáil á réiteach don Aire.

Chuir an tÚdarás tábhacht an mhéid a leanas go dlúth san áireamh: tábhacht an chraolacháin i saol daonlathach na hÉireann; an tábhacht go mbíonn fíor-rogha ar fáil do bhreathnóirí agus d'éisteoirí; an tábhacht go mbíonn réimse níos fairsinge de chláir ábhartha ann agus tábhacht an róil ar leith a bhíonn ag na craoltóirí a fhaigheann cistiú poiblí ina leith seo. Ar na príomhcheisteanna ar ar dhírigh an tÚdarás, chomh maith, bhí luas agus doimhneacht na n-athruithe a tháinig ar an teicneolaíocht agus an teacht chun cinn gaolmhar ar an bhfáil agus ar phatrúin úsáidte gach foirme d'ábhar.

Sa chás sin, seoladh tuarascáil shubstainteach ar aghaidh, agus chuir an t-athbhreithniú faoinar thug comhairligh neamhspleácha léi. Tá moladh suntasach tuillte ag an Rialtas mar gheall ar luas a bhfreagartha, an faomhadh a thug siad ar an tuarascáil agus ar líon gníomhartha a ghlac siad chun cinntí a dhéanamh ina dhiaidh sin. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh an Rialtas breithniú agus cinneadh ar na saincheisteanna bunúsacha a tugadh chun solais i dtuarascáil an Údaráis go luath amach anseo. Tháinig ionadaithe den BAI i láthair os comhair Roghchoiste cuí an Oireachtais, ach is ar éigean a pléadh na saincheisteanna fairsinge beartais a gceanglaíonn an reachtaíocht ar an Údarás breithniú a dhéanamh orthu i dtuarascáil den sórt sin, agus bhí an forlámhas ag ceisteanna lenar bhain cúram go hiomlán áitiúil.

Ceanglaíonn cuid thábhachtach den reachtaíocht ar chraoltóirí poiblí chun Ráiteas Bliantúil Gealltanais Feidhmíochta a sholáthar agus déanann an BAI tuairisciú ina leith seo, níos déanaí. Rinne an BAI go leor oibre le blianta beaga anuas, ag oibriú leis na craoltóirí, chun próiseas níos bríche a dhéanamh den phróiseas iomlán ar mhaithe leis na craoltóirí iad féin, don BAI agus don phobal. Cé go bhfuil an mheicníocht reachtúil ciotach go leor, tasc tábhachtach bliantúil is ea seo, a méadóidh an cur chuige nua a shochair agus áit a mbeidh an díriú ar thosaíochtaí lárnacha agus intomhaiste fiúntach. Áis thábhachtach is ea an ceanglas chun athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht an chistithe nár cheart a fhiúntas a chomhchuimsiú san athbhreithniú cúig huaire sa bhliain.

Nuair a thug an tÚdarás faoi athbhreithniú a dhéanamh ar a Ráiteas Straitéise, níor mheas an tÚdarás gur theastaigh aon athrú mór treo. Ina ionad sin, d'athdhearbhaigh siad a gcur chuige fairsing agus shainaithin siad díriú ní ba mhó ar fhéidearthachtaí straitéiseacha na bhforálacha reachtaíochta agus ar thuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais agus leas lucht féachana na hÉireann i láthair na huaire agus amach anseo. Anuas air sin, luadh lárnacht níos mó an lucht féachana sa Chód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha, a eisíodh le linn na bliana agus cuireadh tús le réamhobair ar Chód Chaighdeáin na gClár, agus tá seo cóir a bheith críochnaithe de réir mar atá na focail seo á scríobh. Mheas an tÚdarás go bhfuil an Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta ina ghné an-tábhachtach dá n-obair, ráiteas tábhachtach de thábhacht foinsí iontaofa faisnéise; de luach na hiriseoireachta imscrúdaithí; agus, de thábhacht lárnach na hiontaoibhe agus na muiníne sa chaidreamh idir craoltóirí agus a lucht féachana. Is é sainmharc an chraolacháin i sochaí dhaonlathach an bealach a mhúnlaítear, a thacaítear le, seachas a theorannaítear saoirse tuairimíochta.

Anuas air sin, cuirfidh Cód Chaighdeáin na gClár go mór leis an gcreatlach le haghaidh craolacháin in Éirinn. Beidh a fhaomhadh ar cheann de thascanna deireanacha an Údaráis reatha. Ag tús na hoibre agus an dréacht-Chód á ullmhú, d'eagraigh an BAI "Comhrá" phoiblí ar shaincheist fhairsing na gcaighdeán sa chraolachán, a thug le chéile grúpa fairsing leasa chun machnamh a dhéanamh ar an téama seo agus chun smaointí a chur ar fáil. Amach ón ábhar ar leith seo, tá súil ag an Údarás go mbeidh na deiseanna siúd le haghaidh idirchaidreamh poiblí ina gcuid oibre agus sna saincheisteanna tábhachtacha beartais atá nasctha le rialáil an chraolacháin ina ngné mharthanach amach anseo.

I measc na dtascanna iomadúla eile faoinar tugadh le linn na bliana, chríochnaigh an tÚdarás an t-athbhreithniú reachtúil ar Scéim 'Sound & Vision'. Ba shásúil go raibh glacadh maith go huilíoch leis an Scéim agus gur tacaíodh lena leanúint. Bhí an scéim mar fhoinse de chláir den scoth a shaibhrigh sceidil go leor craoltóirí – idir chraoltóirí poiblí, tráchtála agus pobail. Críochnaíodh dréacht-Scéim leasaithe lena cur faoi bhráid an Aire agus, faoi dheireadh, an Choimisiúin Eorpaigh chun a bhfaomhadh faoi seach a fháil. Rinneadh athbhreithniú ar bhreithniú an chumais chun DTT tráchtála a fhorbairt agus ullmhaíodh tuarascáil don Aire. Rinne an tÚdarás an cinneadh nár chuí a mholadh aon iarracht a dhéanamh chun tús a chur le seirbhísí DTT tráchtála faoi láthair. I rith na bliana, chaith an BAI súil ar ghnéithe an reachta a d'fhéadfadh sochair a bhaint as leasú agus ar cheisteanna a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa reachtaíocht leasaithe amach anseo. Rinneadh plé leis an Roinn agus leanfaidh an próiseas d'athbhreithniú gníomhach ar aghaidh bheith mar chuid thábhachtach den obair bliain i ndiaidh bliana.

Lean craoltóirí le tabhairt faoi réadúlacht na dtréimhsí éagsúla dúshlánacha i dtaobh cúrsaí geilleagracha de, a thugtar faoi deara i measc íseal-leibhéil mharthanacha d'ioncam ó fhógraíocht agus droch-chinntí rialtasacha buiséadta a dhéanamh corruair. Faoi mar a thug mé chun suntais i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, ábhar ómóis do chraoltóirí, a bhfoireann agus soláthróirí a gclár go ndearnadh na sceidil a athnuachan pé áit ab fhéidir, fiú murab fhéidir mianta cách a fhíorú i gcónaí.

Coistí reachtúla an Údaráis iad an Coiste um Chomhlíonadh agus an Coiste um Dheonú Conarthaí. Baineann feidhm lárnach lena gcuid oibre i dtaobh obair fhoriomlán an BAI. Cruthaíonn an Coiste um Chomhlíonadh deis an-tábhachtach le haghaidh idirchaidreamh daonlathach leis an gcraolachán agus cuireann sé ar chumas daoine aonair agus grúpaí gearán a dhéanamh má chreideann siad gur sháraigh craoladh an dlí nó aon chinn de Chóid an Údaráis.

Cumasú tábhachtach iad an Coiste le haghaidh breathnóirí agus éisteoirí agus bíonn an Coiste an-chúramach nuair a bhíonn cinntiúcháin agus cinntí á ndéanamh acu.

Bhí sé mar thasc ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí a dheimhniú, i dtromlach na gcásanna, cé ar cheart conarthaí a fháil chun craoladh a dhéanamh faoi dhlí na hÉireann. Cinntí iad seo a bhfuil iarmhairtí ollmhóra acu le haghaidh craoltóirí agus luchtanna féachana. Tugann an Coiste an cúram agus an aird mar is cuí orthu. Le linn athbhreithniú dheireadh na bliana, tugadh faoi athnuachan an chuid is mó de na saincheadúnais raidió áitiúil a raibh a gconarthaí deich mbliana ag druidim chun deiridh. Faoin tráth a thiocfaidh deireadh le téarma an Údaráis, beidh cinntiúchán déanta ar gach ceann de na limistéir shaincheadúnais. B'fhéidir go bhfuil tráth na linne seo mar chúis leis an líon fíor-íseal limistéir shaincheadúnais a bhí faoi réir iarratais iomaíocha. D'fhoráil an reacht do na himeachtaí seo a tharlóidh ar deireadh thall trí áis mhear a thabhairt isteach. Tasc a bheidh ann don chéad Údarás eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chur chuige seo.

Ní bhainfidh cinntí na gCoistí seo faomhadh iomlán amach i gcónaí, mar thoradh ar chineál cúrsaí. D'fhéadfadh gearáin faoi shaincheisteanna conspóideacha agus a gclúdach craolta iad siúd a roinnt ar spéis leo an limistéar atá i gceist. Ábhar dosheachanta díomá é don té nach n-éiríonn leis/léi i gcomórtas le haghaidh ceadúnas craolta. D'fhéadfadh an fhreagairt ar chinneadh nó ar dheimhniú díriú ar eisiamh na substainte i dtaobh cúrsaí seachtracha. Ach mar gheall go bhfuil na Coistí seo ann, tugtar ráthaíocht go ndéanfar breithniú dícheangailte agus neamhleasmhar.

Is é an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca an t-aon bhuanchoiste neamhreachtúil den Údarás agus coimeádann siad airgead poiblí faoi mhaoirsiú cúramach a thugtar ar iontaoibh don Údarás; a dhéanann athbhreithniú ar na limistéir riosca don BAI; agus, a thugann faoi fhreagracht tharmligthe i líon limistéar. Tá ceanglais chomhaimseartha rialachais dochraideach agus leagtar an t-ualach sin go mór ar an gcoiste seo agus ar na feidhmeannaigh ábhartha.

Mar chonclúid, ba mhian liom buíochas a ghabháil leo siúd uile a sheirbheáil ar an Údarás agus a gcoistí, bíodh coistí reachtúla nó coistí eile i gceist leo, as ucht a n-oibre tiomanta, gníomhaí agus gan staonadh le cúig bliana anuas. Ba mhian liom léirthuiscint a chur in iúl do leas na nAirí agus na n-oifigeach comharbasacha. Ar deireadh, ba mhaith liom ómós a léiriú leis an Údarás as obair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne uile.

Bob Collins
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Cuireadh chéad Ráiteas Straitéise an BAI i gcrích in 2013 a chuimsigh na blianta ó 2011 go 2013. Tugadh chun críche rathúla i rith na bliana go leor de na tionscadail agus na tionscnaimh a bhí ar bun ó bunaíodh an BAI go déanach in 2009. Faoi mar is léir ón tuarascáil seo, bhain an BAI go leor amach den mhéid a leag siad amach a dhéanamh agus leag siad an fotha le haghaidh tionscnaimh eile a bheidh le gníomhachtú sna blianta amach romhainn. Sonraítear iad seo i Ráiteas Straitéise 2014-2016 an BAI a forbraíodh le linn na bliana agus a sheolfar go luath in 2014. Tá an Straitéis nua, a bhain formhuiniú ginearálta na bpáirtithe leasmhara amach i gcomhairliúchán poiblí, in ainm is cur leis an obair faoinar tugadh go dtí seo agus, go háirithe, tacú leis an bprionsabal go leagfaidh an BAI an lucht féachana ag lár a bpróisis déanta cinntí.

Ar chuma blianta roimhe seo, chomhaontaigh an tÚdarás ar an bplean oibre bliantúil agus thug siad tús áite do líon táirgí insoláthartha i dtosach báire. In 2013, i measc na dtosaíochtaí, bhí críochnú an chéid athbhreithnithe 5 bliana ar chistiú poiblí le haghaidh Craoltóirí Seirbhíse Poiblí ("PSBanna"); an t-athbhreithniú reachtúil ar Scéim 'Sound & Vision II'; cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Ceadúnaithe le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála; beartas nua Comhlíonta agus Forfheidhmithe a fhorbairt (lena n-áirítear próisis le haghaidh imscrúduithe, forfheidhmiú agus smachtbhannaí faoi Ailt 50 agus 53 den Acht); agus, críochnú Ráiteas Straitéis 2014-2016 an BAI a luadh roimhe seo. Agus aird go raibh an BAI tar éis dheireadh a gcéid tréimhse straitéise a bhaint amach, áfach, tugadh réimse tionscadail eile chun críche i rith na bliana chomh maith. Ina measc seo bhí athbhreithniú a dhéanamh ar Chód Cumarsáid Tráchtála na Leanaí; Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gcláir Nuachta agus Chúrsaí Reatha a thabhairt isteach; athbhreithniú a dhéanamh ar na hionchais a bhaineann le teilifís dhomhanda dhigiteach tráchtála ("DTT"); scéim Ghaeilge an BAI a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a chríochnú ar an gcumas chun roinnt feidhmeanna cúloifige a roinnt le ComReg. Cé soláthraíonn príomhchorp na tuarascála seo sonraí fairsinge ar gach ceann de na gníomhaíochtaí faoinar tugadh i rith na bliana, tugaim sonraí achomair thíos ar chuid de na buaicphointí.

Ba bhliain thábhachtach 2013 i gcomhthéacs fheidhmeanna an BAI maidir le craolachán seirbhíse poiblí. Tugadh chun críche an chéad athbhreithniú 5 bliana ar chistiú agus cuireadh faoi bhráid an Rialtais é i Meitheamh agus glacadh le go leor de na moltaí láithreach bonn. D'eascair líon píosaí breise oibre as an bpróiseas seo a bhain le héifeachtúlacht agus an cumas chun úsáid níos mó a bhaint as an earnáil neamhspleách léiriúcháin ag RTÉ agus tacóidh an BAI leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha lena gcur i bhfeidhm. Ó pheirspictíocht an BAI, ba mhór an lámh chúnta an t-athbhreithniú 5 bliana chun na príomhghnéithe eile dár ngníomhaíocht PSB a ailíniú – an t-athbhreithniú ar na ráitis bhliantúla ar ghealltanais feidhmíochta agus na hathbhreithnithe bliantúla ar chistiú poiblí – ba cheart go dtiocfadh sochair na n-athbhreithnithe seo chun solais sna blianta beaga amach romhainn.

D'fhoráil Acht 2009 do chreatlach nua do phróisis cheadúnaithe le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála a cheadaigh cumas le haghaidh próisis iomaíocha agus mheara cheadúnaithe araon. As na 24 próiseas a tosaíodh sa bhabhta reatha, d'úsáid 19 díobh seo an próiseas nua mear agus faoi dheireadh na bliana, bhí tromlach na bpróiseas seo tugtha chun críche. Cé gur eascair toradh níos tapúla astu seo maidir le gach próiseas, mar gheall ar chineál na bhforálacha reachtúla, teastaíonn go leor acmhainní uathu go fóill. Cuirfear fuílleach na bpróiseas, atá iomaíoch i dtaobh cineáil de, i gcrích in 2014.

Gníomhaíocht eile óna dteastaíonn go leor acmhainní is ea Scéim 'Sound & Vision II' an Chiste Craolacháin agus ní raibh aon eisceacht i mbliana ann nuair a fuarthas beagán faoi bhun 900 iarratas i measc na dtrí bhabhta. Is é an rud a d'fhág go raibh riaradh líon chomh hard sin d'iarratais inbhainistithe ná gur cuireadh córas TF 'baionline' i bhfeidhm go hiomlán agus tugadh seo isteach tar éis formhuiniú nach mór uilíoch a fháil ó na páirtithe leasmhara. Bhí an mhoill a bhí ar chistiú leithdháilte, den chuid ba mhó, faoi dheireadh 2012 agus bhí an Scéim fós in ann cistiú €11.5151 milliún a sholáthar do 62 feidhm theilifíse agus €1.833 milliún do 280 clár raidió. Anuas air sin, tugadh an t-athbhreithniú reachtúil chun críche in 2013 ar an scéim reatha agus thit comhairliúchán amach ar thograí le haghaidh na

chéad scéime eile a bheartaítear a chur i bhfeidhm in Eanáir 2015. Dhearbhaigh an t-athbhreithniú go bhfuil tacaíocht fhairsing ón tionscal leis an Scéim 'Sound & Vision' agus tá súil go mór ag gach páirtí leasmhar go leanfar leis an scéim sna blianta amach romhainn.

I dtaobh théama an chistithe go fóill, rinneadh an chéad bhronnadh in 2013 faoi Scéim Cartlannaithe an Chiste Craolacháin agus bronnadh cistiú €1.5 milliún ar 7 dtionscadal. Anuas air sin, leanann an BAI le cistiú a sholáthar don tionscadal trínár mBeartas Forbartha agus Foghlama Earnála ina raibh €340,000 sa bhuiséad sa bhliain reatha, go príomha chun tacaíocht a sholáthar do líonraí tionscail.

Seoladh roinnt cód in 2013, agus bhí cuid díobh faoi réir comhairliúchán dian agus roinnt conspóide le blianta beaga anuas. Ina measc seo bhí Cód Cumarsáid Tráchtála na Leanaí, a raibh a fhorálacha ar aiste bia agus cothú faoi réir roinnt díospóireacht theasaí idir na páirtithe leasmhara. Seoladh an Cód i mBealtaine agus bhí sé le bheith curtha i bhfeidhm faoi Mheán Fómhair agus go dtí seo, níor tháinig aon saincheisteanna maidir le comhlíonadh na bhforálacha nua chun solais. Ar leithleach, bhí an Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gcláir Nuachta agus Chúrsaí Reatha faoi réir roinnt díospóireachta chomh maith, agus rinne an tÚdarás líon mionathruithe ar an mbundréacht chun roinnt de na hábhair bhuartha a tugadh chun solais a léiriú. Tar éis sheoladh an chóid in Aibreán, ba dhealraitheach go ndearna ceardlann a bhí ar siúl le craoltóirí roinnt de na hábhair bhuartha a tugadh chun solais maidir leis an gcur i bhfeidhm a dhíbirt.

Bíonn cóid agus rialacha craolacháin faoi réir athbhreithniú gach cúpla bliain lena chinntiú go mbíonn siad ábhartha i measc gach páirtí leasmhair. Fad a dhruid deireadh na n-athbhreithnithe a luaitear thuas linn, tugadh tús áite do líon cinn eile. Ina measc seo bhí athbhreithniú ar Chód Chaighdeáin na gClár agus na Rialacha Rochtana, a rialaíonn na dualgais maidir le fotheidealú, reacaireacht agus teanga chomharthaíochta. Tugadh faoi réamhobair ina leith seo in 2013 agus tá an phríomhghníomhaíocht le críochnú an bhliain seo chugainn.

Tar éis an mhúchta analógaigh agus gur bunaíodh ardán Saorview in 2012, mheas an tÚdarás gur thráthúil tabhairt faoi athbhreithniú ar na hionchais le haghaidh DTT tráchtála le linn na bliana. Bhí sé ina chonclúid ag an tuarascáil neamhspleách faoinar thug an BAI go raibh na hionchais le haghaidh rath ardán tráchtála DTT an-teoranta go fóill agus rinne an tÚdarás an cinneadh, ar an drochuair, nach bhféadfaidís leanúint le próiseas breise ceadúnaithe faoi na cúinsí seo.

Anuas ar gach ceann de na gníomhaíochtaí a luaitear thuas, soláthraíonn príomhchorp na tuarascála sonraí fairsinge ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile na heagraíochta, rialachas agus forbairt eagraíochtúil, comhlíonadh (gearáin san áireamh) agus athrúcháin ar chonarthaí san áireamh. Tugtar dhá ghníomhaíocht chun suntais ar leith anseo. Ar an gcéad dul síos, chomhlíon an BAI a ngealltanais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus chuir siad scéim Ghaeilge i bhfeidhm a tháinig i bhfeidhm i Meán Fómhair. Ar an dara dul síos, bhí ar an BAI teacht i láthair Choiste na gCuntas Poiblí in Aibreán chun freagairt do cheistiú ar an gCiste Craolachán agus ar Ráitis Airgeadais 2012 an BAI. Léirigh an Coiste go raibh siad sásta leis gur chloígh an BAI go hiomlán lena ndualgais agus freagrachtaí ina leith seo.

Mar chonclúid, is léir ó na buaicphointí thuas agus ó phríomhchorp na tuarascála go ndearnadh oll dul chun cinn in 2013 i dtreo bhaint amach na dtáirgí insoláthartha uile laistigh den chéad Ráiteas Straitéise. Oibrím le grúpa sár-mhaith foirne a leanann le tiomantas agus dúthracht iomlán a sholáthar do bhaint amach ár gcuspóirí agus gabhaim buíochas an-mhór leo mar gheall air sin.

Ina theannta sin, ba mhian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Údaráis, an Choiste um Dheonú Conarthaí, an Choiste un Chomhlíonadh agus an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca as ucht a dtiomantais d'obair an BAI agus as ucht na tacaíochta a thugann siad don fheidhmeannacht.

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach

An tÚdarás

Tá freagracht fhoriomlán ar an Údarás as oibriú agus feidhmiú an BAI, lena n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan amach. Tá naonúr comhaltaí san Údarás.

Bob Collins (Cathaoirleach)

Larry Bass

Paula Downey

An tOllamh Colum Kenny

Michelle Mc Shortall

An Dr Maria Moloney

Michael Moriarty

Siobhán Ní Ghadhra

John Waters

In 2013, chas an tÚdarás ar a chéile dhá uair déag agus mar seo a leanas a bhí na freastail:

An tUasal Bob Collins (Cathaoirleach)	12/12
An tUasal Larry Bass	8/12
An tUasal Paula Downey	12/12
An tOllamh Professor Colum Kenny	11/12
An tUasal Michelle Mc Shortall	12/12
An tUasal Maria Moloney	10/12
An tUasal Michael Moriarty	10/12
An tUasal Siobhán Ní Ghadhra	5/12
An tUasal John Waters	10/12

An Coiste um Dheonú Chonarthaí

Tá an Coiste um Dheonú Chonarthaí freagrach as oibriú na bpróiseas iarratais ar cheadúnas le haghaidh seirbhísí craolacháin agus oibriúcháin ilphléacs. Tá ochtar comhaltaí sa Choiste; cheap an Rialtas ceathrar díobh ar ainmniú an Aire, agus cheap an tÚdarás an ceathrar eile, ina measc, beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannacht an BAI. Is mar seo a leanas a bhí an chomhaltacht in 2013:

Ainmnithe an Rialtais

An tUasal Siobhán Bourke, Cathaoirleach

An tUasal David Barniville SC

An tUasal Neil Leyden

An tUasal Eimer McGovern

Ainmnithe an Údaráis

An tUasal John Waters

An tUasal Larry Bass

Ainmnithe Fhoireann an BAI

An tUasal Celene Craig

An tUasal Neil O'Brien

Siobhán Bourke (Cathaoirleach)

David Barniville SC

Neil Leyden

Eimer McGovern

Chas an Coiste um Dheonú Chonarthaí ar a chéile aon uair déag i rith 2013 agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

An tUasal Siobhán Bourke	11/11
An tUasal David Barniville	10/11
An tUasal Neil Leyden	9/11
An tUasal Eimer McGovern	11/11
An tUasal Larry Bass	9/11
An tUasal Celene Craig	11/11
An tUasal Neil O'Brien	9/11
An tUasal John Waters	6/11

I gcomhréir lena bhfeidhmeanna, i measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste um Dheonú Chonarthaí in 2013, bhí an méid a leanas:

- Leanúint le hathcheadúnú 24 seirbhís raidió tráchtála a chur i bhfeidhm, faoi mar a stiúir an tÚdarás, i gcomhréir le Ceadúnú an BAI Plean 2012-2013;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí sealadacha daingne craolacháin;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair ábhair;

Cuimsítear sonraí faoi na gníomhaíochtaí seo i bpríomhchorp na tuarascála.

An Coiste um Chomhlíonadh

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh, imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus tá líon feidhmeanna tuairiscithe acu chomh maith. Tá ochtar comhaltaí sa Choiste; cheap an Rialtas ceathrar díobh ar ainmniú an Aire, agus cheap an tÚdarás an ceathrar eile, ina measc, beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannacht an BAI. Is mar seo a leanas a bhí an chomhaltacht in 2013:

Ainmnithe an Rialtais

An tOllamh Chris Morash, Cathaoirleach

An tUasal Aidine O'Reilly

An tUasal Edel Hackett

An tUasal Paula Mullooly

Ainmnithe an Údaráis

An tUasal Paula Downey

An tOllamh Colum Kenny

BAI Staff Nominees

An tUasal Ciarán Kissane

An tUasal Stephanie Comey

Prof Chris Morash (Cathaoirleach)

Aidine O'Reilly

Edel Hackett

Paula Mullooly

Chas an Coiste Comhlíonta ar a chéile deich n-uaire i rith 2013 agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

An tOllamh Chris Morash	9/10
An tUasal Aidine O'Reilly	8/10
An tUasal Edel Hackett	8/10
An tUasal Paula Mullooly	10/10
An tUasal Stephanie Comey	7/10
An tUasal Paula Downey	6/10
An tOllamh Prof. Colum Kenny	8/10
An tUasal Ciarán Kissane	7/10

I gcomhréir lena bhfeidhmeanna, thug an Coiste um Chomhlíonadh faoi líon gníomhaíochtaí in 2014, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Plean Comhlíonta a chríochnú a bhain le hathcheadúnú seirbhísí raidió tráchtála, faoi mar a fhoráiltear i bPlean Ceadúnaithe an BAI 2012-2013;
- Cinntiúchán a dhéanamh ar thorthaí 113 gearán a rinne muintir an phobail i leith craoltóirí, a bhain lena gcloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Breithniú a dhéanamh ar bhaint amach Rialacha Rochtana ag craoltóirí;

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPróiseas um Láimhseáil Gearán;
- Ionchur a sholáthar i gcríochnú an Bheartais agus na Nósanna Imeachta Comhlíonta agus Forfheidhmithe;
- Aiseolas a sholáthar ar athbhreithniú Chód um Chumarsáid Ghinearálta Tráchtála an BAI agus Chód um Chumarsáid Tráchtála Leanaí an BAI.

Cuimsítear sonraí faoi na gníomhaíochtaí uile seo i bpríomhchorp na tuarascála.

An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (AIR) mar Choiste den Údarás in 2010. Tá réimse freagrachtaí agus dualgas orthu, a chuimsíonn córais rialaithe inmheánaigh, iniúchta sheachtraigh agus inmheánaigh, bhainistíochta riosca agus rialaithe airgeadais. Faoina dtéarmaí tagartha, ar a ndéantar athbhreithniú bliantúil, tá ar an gCoiste AIR mionteagasc a thabhairt don Údarás nach lú ná ceithre huaire sa bhliain maidir lena ndualgais éagsúla.

Chas an Coiste AIR ar a chéile sé huaire in 2013. Mar seo a leanas a bhí comhaltacht an Choiste AIR agus an freastal ar chruinnithe in 2013:

Siobhán Ní Ghadhra	3/6
Michelle McShortall	6/6
An Dr Maria Moloney	6/6
Michael Moriarty	4/6

Cuimsítear sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Choiste AIR i bpríomhchorp na tuarascála.

Struchtúr Eagraíochta agus Foireann an BAI

Déanann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh (OPOF) obair an BAI a threorú agus tacaíonn foireann de bhainisteoirí sinsearacha leis an obair seo, a dhéanann maoirsiú, i gcomhar leis an OPOF, ar chur i bhfeidhm na straitéise agus na pleanála don eagraíocht ina hiomláine. Oibríonn an BAI struchtúr maitríse ina n-oibríonn an fhoireann go solúbtha i measc gach limistéar gníomhaíochta i gcomhréir le riachtanais ghnó. Cumasaíonn seo úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní nuair a theastaíonn siad agus san áit a dteastaíonn siad.



Comhaltaí an Fheidhmeannaigh

Sonraítear thíos liosta den fhoireann go léir a bhí fostaithe ag an BAI amhail an 31 Nollaig 2013:

Oifig an POF	*An Príomhfheidhmeannach* Michael O'Keeffe *Leas-phríomhfheidhmeannach* Celene Craig
Bainisteoirí Sinsearacha	Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Margaret Tumelty.
Bainisteoirí	Diarmaid Breathnach, Aoife Clabby, Brian Furey, Sally Kennedy, Declan McLoughlin, Niamh Ní Bhroin, Clare O'Sullivan, Andrew Robinson, Roger Woods.
Oifigigh Feidhmiúcháin/Innealtóireacht	Jill Caulfield, Gillian Collins, Philip Cooper, Elizabeth Farrelly, Tim Flynn, Teresa Kearns, Patricia Kelly, Louise McLoughlin, Marie Murphy, Sinéad Owens, Sarah Traynor.
Oifigigh Chléireachais	Rachel Casey, Jessica Scott.
Foireann Mhonatóireachta	Andrea Leonard, Annette Stone, Jeanne Spillane, Fionnuala Murphy, Deborah Molloy, Barry Casey, Simon Conneally.

ILLCHINEÁLACHT A CHINNTIÚ

Soláthar Réimse Fhairsing de Sheirbhísí agus d'Ábhar Craolacháin a Éascú

An Straitéis Seirbhísí Craolacháin (BSS)

Ceanglaíonn an tAcht Craolacháin ar an Údarás chun straitéis fhoirmiúil a leagan amach maidir leis na seirbhísí craolacháin ar cheart a sholáthar sa Stát. Tá líon cuspóirí ag an straitéis, a foilsíodh i Márta 2012, agus i measc na gceann is tábhachtaí, tá:

- A chinntiú go bhfreastalaíonn na seirbhísí a cheadúnaíonn an BAI ar riachtanais lucht féachana na hÉireann agus go gcuireann siad réimse ábhair ar fáil don lucht féachana in Éirinn;
- Soláthar cláir ardchaighdeáin a chur chun cinn ar sheirbhísí a ceadúnaíodh in Éirinn agus cruthaitheacht agus nuálaíocht in earnáil chraolacháin na hÉireann a chothú;
- Iolracht a bhaint amach in aigne, asraon agus foinse laistigh d'earnáil chraolacháin na hÉireann.

Chruthaigh an BSS an chreatlach d'fhorbairt phlean ceadúnaithe an BAI agus bhí siad ar cheann de na tagairmharcanna a ndearnadh aon iarratais, ag craoltóirí, ar éagsúlú ar a gconarthaí, a thomhas ina leith i gcaitheamh na bliana.

Réimse Seirbhísí

Tá an BAI freagrach as ceadúnú seirbhísí craolacháin anuas orthu siúd a sholáthraíonn RTÉ, TG4, Cainéal Thithe an Oireachtais agus Cainéal Scannán na hÉireann. Cuimsíonn an réimse seirbhísí a cheadúnaíonn an BAI teilifís tráchtála agus phobail, seirbhísí raidió tráchtála agus pobail, seirbhísí raidió institiúide a oibríonn laistigh d'ospidéil timpeall na tíre agus réimse de sheirbhísí sealadacha raidió. Anuas air sin, leagann an tAcht Craolacháin an fhreagracht ar an BAI as ceadúnú conarthaí ábhar cláir le haghaidh seirbhísí a d'fhéadfaí a iompar ar ardáin ilphléacs, chábla nó satailíte, ar nós Saorview, UPC agus Sky.

Sonraítear cineál na seirbhísí agus an ábhair a d'fhéadfadh an BAI a cheadúnú i gCuid 6 den Acht Craolacháin, 2009. Leagtar amach an réimse seirbhísí agus na conarthaí soláthair ábhair ina bhféadfadh an tÚdarás iontráil. Cuimsítear na sonraí iomlána ar gach seirbhís agus ábhar a cheadúnaíonn an BAI ar láithreán gréasáin na heagraíochta, www.bai.ie.

Plean Ceadúnaithe

Tá sé mar chuspóir ag gníomhaíochtaí ceadúnaithe na cuspóirí a bhaint amach chun freastal ar riachtanais an lucht féachana agus réimse ábhair a sholáthar don lucht féachana agus éisteachta. Deimhníonn cineál na seirbhíse agus na forálacha a leagtar amach sa reachtaíocht an bealach a bhronntar conarthaí maidir le conas a cheadúnófaí na seirbhísí sin.

Féadfaidh an Coiste Bronnta Conarthaí an próiseas ceadúnaithe mearsheolta, dá bhforáiltear faoi Alt 67 den Acht Craolacháin, 2009, a ghairm nuair nach bhfaightear ach léiriú amháin spéise ón sealbhóir reatha ceadúnais, i ndiaidh gairm ar léiriú spéise. Déantar próiseas ceadúnaithe iomaíoch a chur i bhfeidhm nuair a fhaightear breis agus léiriú spéise amháin le haghaidh soláthar seirbhíse.

Chruthaigh Plean Ceadúnaithe an BAI 2012-2013 méid suntasach den ghníomhaíocht cheadúnaithe in 2013, agus díríodh go príomha ar athceadúnú 24 seirbhís raidió tráchtála. Dhírigh comhairliúchán poiblí agus páirtithe leasmhara ar an bplean in 2012. As na 24 seirbhís raidió tráchtála, a bhí sceidealaithe le hathceadúnú mar chuid den Phlean Ceadúnaithe, bhí 19 gcinn faoi réir próiseas ceadúnaithe mearsheolta agus bhí 5 cinn faoi réir próiseas ceadúnaithe iomaíoch. Faoi dheireadh na bliana, críochnaíodh na próisis mhearsheolta le haghaidh 12 sheirbhís agus síníodh na conarthaí ábhartha deich mbliana.

Bhí cúig sheirbhís faoi réir próiseas iomaíoch agus fuarthas naoi n-iarratas, ar an iomlán, do na cúig sheirbhís a fógraíodh. Faoi dheireadh na bliana, bhain ceann amháin de na próisis sin an chéim amach inar bronnadh conradh i bprionsabal; bhain dhá phróiseas an chéim mheasúnaithe tosaigh amach, agus bhí dhá iarratas faighte ag an dá cheann eile ar an gceadúnas faoin spriocdháta an 3 Nollaig. Bhí an Coiste Bronnta Conarthaí in ainm is tús a chur le measúnú na n-iarratas seo ag tús 2014.

Leagtar amach sonraí faoi na seirbhísí craolachán fuaime a fógraíodh i gcomhréir leis an bplean sna táblaí thíos.

MEARSHEOLADH

Limistéar Saincheadúnais	Saghas an Stáisiúin	Reatha
Contae Mhaigh Eo	Leathanfhormáid Áitiúil	Mid West Radio
Contae Lú agus na Mí	Leathanfhormáid Áitiúil	LM FM
Contae agus Cathair na Gaillimhe	Leathanfhormáid Áitiúil	Galway Bay FM
Contae an Chláir	Leathanfhormáid Áitiúil	Clare FM
Contae Thiobraid Árann	Leathanfhormáid Áitiúil	Tipp FM
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Áitiúil faoi Stiúir Ceoil, daoine 15-34 bliain d'aois	FM104
Contae Loch Garman	Leathanfhormáid Áitiúil	South East Radio
Contae Chill Mhantáin	Leathanfhormáid Áitiúil	East Coast FM
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Áitiúil faoi Stiúir Ceoil, daoine 25-44 bliain d'aois	98 FM
Contae an Chabháin agus Mhuineacháin	Leathanfhormáid Áitiúil	Northern Sound Radio
Contae an Longfoirt, Ros Comáin agus Liatroma	Leathanfhormáid Áitiúil	Shannonside 104FM
Contae Chill Dara	Leathanfhormáid Áitiúil	KFM
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Nua faoi Stiúir Ceoil, daoine 15-34 bliain d'aois	Spin 103.8
Cathair agus Contae Phort Láirge	Leathanfhormáid Áitiúil	WLR FM
Cathair agus Contae Chorcaí	Faoi Stiúir Ceoil, daoine 15-34 bliain d'aois	Red FM
Contae Cheatharlach agus Chill Dara	Leathanfhormáid Áitiúil	KCLR
Contae Chiarraí	Leathanfhormáid Áitiúil	Radio Kerry
Cathair agus Contae Chorcaí	Leathanfhormáid Áitiúil	C103
Cathair agus Contae Chorcaí	Faoi Stiúir Ceoil, daoine 25-44 bliain d'aois	96 FM

IOMAÍOCH

Limistéar Saincheadúnais	Saghas an Stáisiúin	Iarratasóir(í)
Contae Laoise, Uíbh Fhaillí agus na hlarmhí	Leathanfhormáid Áitiúil	1. Midland's Community Radio Services Ltd. ag trádáil mar Midlands 103
Tuaisceart Dhún na nGall	Leathanfhormáid Áitiúil	1. Donegal Highland Radio Ltd. ag trádáil mar Highland Radio
		2. Donegal Commercial Radio Broadcasting Ltd. ag trádáil mar DLFM
Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath	Faoi stiúir Ceol Nideoige	1. Star Broadcasting Ltd. ag trádáil mar Sunshine 106.8
		2. Easy FM Ltd. ag trádáil mar Country FM
		3. Uradio Dublin
An tIardheisceart	Réigiúnach – Ceol – faoi Stiúir Daoine Óga	1. WKW FM ag trádáil mar Beat FM
Sligeach, Tuaisceart Liatroma agus Deisceart Dhún na nGall	Leathanfhormáid Áitiúil	1. NW Coast FM Ltd. ag trádáil mar Coast FM
		2. North West Broadcasting Ltd. ag trádáil mar Ocean FM

I dtaca le raidió pobail, críochnaíodh an próiseas ceadúnaithe le haghaidh Life FM agus síníodh síneadh conartha fad a bhí an próiseas le haghaidh na seirbhíse eile, Liffey FM, ar bun ag deireadh na bliana.

Fuarthas trí iarratas le haghaidh conarthaí soláthair ábhair, dhá cheann le haghaidh teilifíse; CSI Sports Networks PTE Limited ("Fight Sports") agus Eircom Limited, agus ceann amháin le haghaidh raidió; Amazing Media Group Limited ("Amazing Radio"). Tar éis measúnú a dhéanamh, mhol an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás gur cheart conarthaí a bhronnadh do na hiarratasóirí a bhí i gceist. Síníodh conarthaí le haghaidh na dtrí sheirbhís in 2013.

Anuas air sin, rinne an Coiste measúnú ar iarratais ar 25 seirbhís shealadach craolachán fuaime i gcaitheamh na bliana. Astu seo, bhí seirbhísí píolótacha pobail i gceist le 6 cinn (100 lá ar a mhéid) agus bhí seirbhísí sealadacha rialta i gceist le 16 cinn (30 lá ar a mhéid). Anuas air sin, próiseáladh iarratais ar 2 sheirbhís institiúide agus tugadh idirbheartaíochtaí conartha chun críche.

Teilifís Dhigiteach Dhomhanda (DTT)

Faoin Acht Craolacháin, tá an BAI freagrach as ceadúnú ilphléacsanna tráchtála le haghaidh DTT. Tar éis próiseas neamhrathúil ceadúnaithe a bhí ar bun ní ba luaithe in 2008, thug an tÚdarás faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an gcumas amach anseo chun na hilphléacsanna tráchtála a cheadúnú agus chun tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire ar na torthaí. Tar éis próiseas soláthair phoiblí, bronnadh an conradh chun tabhairt faoin athbhreithniú ar Oliver & Ohlbaum Associates (O&O).

Rinne an t-athbhreithniú breithniú ar réimse de shamhlacha féideartha geilleagracha le haghaidh oibriú ilphléacsanna tráchtála DTT agus áiríodh leis comhairliúchán le 17 bpáirtí leasmhara, craoltóirí, oibreoirí ardáin agus lucht déanta beartais ina measc.

Chomhaontaigh an tÚdarás leis na torthaí a cuimsíodh sa tuarascáil, a mhol nár tháinig feabhas ar na coinníollacha margaidh chun seirbhísí tráchtála DTT a sheoladh agus gur chruthaigh siad dúshlán mór ó tugadh faoin bpróiseas deireanach ceadúnaithe in 2008. Ba phríomhbhreithniúchán eile a d'eascair ón athbhreithniú, gur tharla comhdhlúthú an mhargaidh theilifíse ag tráth an aistrithe dhigitigh (DSO), idir an dá linn, agus ba thráth ríthábhachtach seo ina ndearna an lucht féachana rogha maidir leis an tairiscint dhigiteach ab fhearr dá dteaghlach.

Nuair a bhí a dtuairimí á gcur faoi bhráid an Aire ag tráth déanach in 2013, luaigh an tÚdarás nár chreid siad go mbainfí aon chuspóir reachtúil amach trí thabhairt faoi chúrsa gníomhaíochta maidir le DTT tráchtála, agus gur dhócha nach mbainfí ach tionchar diúltach amach dá ndéanfaí amhlaidh. Shíl an tÚdarás, ina theannta sin, pé cúnamh a sholáthródh idirghabháil rialála, ní dócha go gcuirfeadh aon idirghabháil feabhas suntasach ar an ioncam agus na costais a bhaineann le haon chinn de na samhlacha gnó a scrúdaíodh chun spéis tráchtála a chruthú sna ceadúnais DTT.

Bhí torthaí na tuarascála le foilsiú in Eanáir 2014.

Bainistíocht Speictrim

Leanann an BAI le páirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta um Pleanáil agus Teicneolaíocht Speictrim, de réir mar is cuí, le timpeallacht dhearfach a chinntiú chun seirbhísí craolacháin a fhorbairt in Éirinn. Ina leith seo, leanadh le hidirbheartaíochtaí a dhéanamh ar chomhaontú nuashonraithe comhordaithe Banda 11 (FM) idir Éirinn agus an RA agus rinneadh dul chun cinn suntasach, go háirithe maidir le hanailís ar chumhdach trópaisféarach.

Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar na cinntí a rinneadh ag an gComhdháil Dhomhanda Raidió in 2012 (WRC12) i rith 2013. Anuas air sin, déanfaidh an BAI breithniú ar thionchar féideartha na staidéar atá á ndéanamh roimh WRC15 agus an tionchar féideartha a bheidh acu ar bhandaí craolacháin.

Mar chuid den phróiseas athcheadúnaithe raidió FM, rinne an BAI measúnú ar oiriúnacht na bpleananna reatha minicíochta agus, i gcomhar le ComReg, rinne siad athruithe ar leithdháileadh minicíochta agus cumhachta roinnt conraitheoirí. I measc na n-athruithe seo, bhí cothromú chumhacht an tarchuradóra ó shuíomh na dTrí Charraig le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála i gceantar Bhaile Átha Cliath.

I measc na mionathruithe agus na bhfeabhsúchán ar cheadúnas, bhí cumhdach feabhsaithe le haghaidh Newstalk i gceantar Acla, an Chlocháin agus iarthar Chiarraí, Ocean FM i gContae Shligigh agus Today FM sa réigiún Lár Tíre. Anuas air sin, bhí obair ar bun, chomh maith, chun minicíocht oiriúnach a shainaithint le haghaidh Spirit Radio chun feabhas a chur ar chumhdach i roinnt codanna den tír. Cuireadh tús le hobair thosaigh ar mhinicíocht agus láithreán oiriúnach a shainaithint chun cumhdach breise a sholáthar le haghaidh stáisiúin áitiúla FM i gceantar Bhaile Brigín/na Sceirí.

D'oibrigh an BAI le ComReg agus i gcomhoibriú le 2rn chun minicíocht oiriúnach a shainaithint le haghaidh stáisiúin shealadacha, phíolótacha phobail agus phobail. Ar a bharr sin, lean an BAI le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le teicneolaíochtaí amach anseo le haghaidh seirbhísí raidió, teilifíse, leathanbhanda, idirlín agus cúntacha. Mar chuid den phróiseas comhlíonta, leanadh le himscrúdú a dhéanamh ar tharchuradóirí FM, agus cuireadh i dtaifead go raibh leibhéal an-ard comhlíonta le sonrú i measc na stáisiún.

Leanadh le pleanáil FM leis an RA i rith 2013 agus bhí cúig chruinniú ar bun. Rinneadh plé sna cruinnithe seo ar shaincheisteanna reatha pleanála FM agus oibríodh ar leasú na cáipéise 'Modheolaíocht Phleanála FM' lena chinntiú gur féidir tabhairt faoi phleanáil FM ar bhealach comhsheasmhach agus intuartha. Tá comhordú breis stáisiúin FM sa dá riarachán ar bun go fóill.

Bhí cruinniú tosaigh phleanála DTT ar bun a chaith súil ar conas a d'fhéadfadh an phleanáil le haghaidh aon ghluaiseacht bheartaithe seirbhísí craolacháin amach ón mbanda 700 MHz leanúint ar aghaidh.

Thit cúig chruinniú ar phleanáil mhinicíochta DAB amach idir an BAI, 2rn, ComReg agus údaráis na RA chun comhaontú a dhéanamh ar ghnéithe saintréithe teicniúla ilphléacsanna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta DAB sa dá riarachán.

Bhí an BAI, mar aon le craoltóirí teilifíse, mar chuid de ghrúpa athbhreithnithe beartas speictrim UHF a bhí faoi stiúir an DCENR a chaith súil ar úsáid an speictrim UHF amach anseo chun craolachán a dhéanamh in Éirinn. Tá sé beartaithe ag an ngrúpa seo tuairisciú a dhéanamh ar an tsaincheist seo in 2014.

Ciste Craolacháin

Tá an BAI freagrach as riaradh an Chiste Craolacháin ó bunaíodh iad faoi reacht in 2003. Forbraíodh roinnt scéimeanna faoin gciste, go háirithe an Scéim 'Sound & Vision' agus an Scéim Chistithe chun Ábhar Cláir a Chartlannú (an Scéim Chartlannaithe Craolacháin). Sa mhullach ar leibhéil mhóra de chistiú a sholáthar tríd an dá scéim in 2013, thug an BAI faoi athbhreithniú reachtúil ar Scéim 'Sound & Vision II', mar ullmhúcháin d'fhorbairt scéime nua, a thiocfaidh i bhfeidhm in 2015.

Cruthaítear ioncam an Chiste Craolacháin trí 7% de tháillí ceadúnas teilifíse, a leithdháiltear ar an gCiste tríd an Státchiste. In 2013, fuair an BAI €14.399 milliún ón Státchiste a cuireadh isteach sa Chiste, ar méadú €215,000 é seo ar fhigiúr 2012 (€14.184 milliún).

'Sound & Vision II'

Bunaíodh an Scéim 'Sound & Vision' chun cistiú a sholáthar chun tacú le cláir ardchaighdeáin ar chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann, cláir a bhfuil feabhas le cur acu ar litearthacht daoine fásta agus sna meáin a phléann le saincheisteanna domhanda a imríonn tionchar ar an stát agus ar thíortha eile. D'fhaomh an tAire agus an AE 'Sound & Vision' in Eanáir 2010, ar feadh tréimhse cúig bliana. Ba bhliain an-ghnóthach agus rathúil eile 2013 maidir le hoibriú na Scéime.

Maidir leis an bpróiseas iarratais, tháinig méadú ar an éileamh ar chistiú arís eile, agus cuireadh an líon ab airde d'iarratais ar aghaidh. Ba mhórdhúshlán na 897 iarratas a fuarthas trí thrí bhabhta cistithe a phróiseáil d'fhoireann an BAI. Ar a shon sin, chuir tabhairt isteach chóras iarratais nua ar líne an BAI, www.baionline.ie, feabhas ollmhór ar an gcumas chun iarratais a phróiseáil go héifeachtúil. Tugadh an córas isteach in Eanáir 2013. Cé gur leanadh le líon mór iarratas a dhiúltú le haghaidh cistiú ag na painéil mheasúnaithe, léirigh na líonta go raibh an próiseas measúnaithe ag dul ó neart go neart agus go raibh tiomantas leanúnach sonrú lena chinntiú go mbronntar cistiú ar thionscadail ardchaighdeáin, agus atá réidh le craoladh.

I ngach ceann de na trí bhabhta cistithe, sháraigh luach na n-iarratas ar mhol na painéil mheasúnaithe iad a chistiú an méid cistithe a bhí ar fáil, agus theastaigh céim eile de mheasúnú straitéiseach uathu. Déanann an chéim mheasúnaithe straitéisigh measúnú ar iarratais incháilithe, agus aird ar chúig phríomhchritéar, agus tá sé mar aidhm a chinntiú go gcuirtear pacáiste cothrom moltaí i dtoll a chéile, a fhreastalaíonn ar éagsúlacht de luchtanna féachana le réimse éagsúil ábhair, lena mholadh agus lena fhaomhadh ag an Údarás.

Níor éirigh le 66 iarratas, ar an iomlán, ag céim an mheasúnaithe straitéisigh; 63 iarratas teilifíse (€10.274 milliún) agus 3 iarratas raidió (€24,000). Ba ghné shuntais é gur chláir faisnéise €8.3 milliún de na tionscadail teilifíse nár moladh ag an gcéim seo. Cé gur cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin dóchúlacht seo ag deireadh 2012, agus aird ar an líon suntasach d'iarratais chlár faisnéise a fuarthas, bhí cúrsaí ní ba mheasa ná mar a síleadh. Bhí an leithdháileadh ar dhráma teilifíse ard de shíor in 2013 agus bhí roinnt gnéchláir agus léiriúcháin ardchaighdeáin teilifíse i gceist. B'ábhar díomá an leithdháileadh ar bheochan agus oideachas i gcaitheamh na bliana. Ar a shon sin, fad a bhí togra á fhaomhadh le haghaidh babhta sprioctha do na seánraí seo in 2014, bhí an tÚdarás ag súil leis gur cheart go dtabharfadh seo feabhas le fios ar an líon iarratais ardchaighdeáin a fuarthas agus an líon leithdháilte a rinneadh faoi na formáidí seo.

D'imir an méadú a tháinig ar leithdháileadh cistithe (€19.3 milliún) in 2012 tionchar chun cinn inar méadaíodh an méid obair chonraitheoireachta faoinar tugadh agus na híocaíochtaí comhlíonta a rinneadh in 2013. I gcaitheamh na bliana, b'ionann an méid iomlán conarthaí a síníodh agus 354, arb ionann seo agus méadú 25% ar an obair sa limistéar seo oibre, nuair a chuirtear i gcomparáid é le 2012. Chomh maith leis sin, b'ann do mhéadú 21% ar an líon iomlán íocaíochtaí comhlíonta a próiseáladh le haghaidh tionscadal ag céimeanna éagsúla den léiriúchán, agus bhí 38.5 íocaíocht i gceist ar an meán gach mí.

Raidió

Cé gur tháinig méadú ar an líon iarratais raidió in 2013, bhí an méid a d'iarr iarratasóirí ní ab ísle i gcomparáid le 2012. As na 648 iarratas a fuarthas, a d'iarr ar chistiú thart ar luach €5.8 milliún, leithdháileadh cistiú ar 280 clár raidió ar an iomlán trí na babhtaí in 2013, ar luach €1.833 milliún.

Buaicphointí Cistithe agus Craolacháin

Faoi mar a sonraíodh i mblianta roimhe seo, lean an réimse clár a fuair tacaíocht tríd an Scéim le bheith an-éagsúil, ar fud réimse an-éagsúil de sheirbhísí. Bhí líon buaicphointí suntasacha cistithe, craolacháin agus bronnta i gceist i gcaitheamh 2013.

- Chuaigh Spin 103.8FM i ngleic go híogair le saincheisteanna athshannta inscne ina gclár faisnéise raidió, *'Finding the Body that Fits'*, a dhírigh ar scéalta triúr daoine fásta óga agus a d'fhiosraigh na deacrachtaí a bhí rompu fad a d'aistrigh siad ó bheith baineann go fireann.



- Fuair an tseirbhís réigiúnach óige do Beat FM an oirdheiscirt tacaíocht deontais le haghaidh 50 mír chláir dhá nóiméad, a mhínigh téarmaí geilleagrach ar bhealach spraíúil agus inrochtana do sprioclucht féachana 15-34 bliain d'aois an stáisiúin.
- Anuas air sin, tugadh tacaíocht do chlár Raidió na Gaeltachta, *'An Cóipleabhar'*. Déileálann an tsraith 20 clár leis an mbailiúchán béaloidis *'Scéim na Scol'*. Bunaíodh an scéim i 1917 agus is éard a bhí i gceist léi ná daltaí scoile a d'iarr ar a dtuismitheoirí agus a seantuismitheoirí a scéalta agus scéalta a bpobail a insint dóibh. Tá anois breis agus leathmhilliún leathanach de bhéaloideas sa bhailiúchán. Ar aon dul le téama na leanaí, leithdháileadh cistiú ar stáisiún pobail Mid West Radio Thiobraid Árann dá gclár, *'School Voices'*, a chuir daltaí áitiúla scoile i dtoll a chéile, le cabhair ó oibrithe deonacha an stáisiúin.
- Tá cuid bhunaithe den sceideal á déanamh de dhráma ar sheirbhísí raidió tráchtála, a bhuíochas leis an bhfáil atá ar thacaíocht chistithe ó 'Sound & Vision' agus in 2013, lean an treocht seo, lena n-áirítear tacaíocht chistithe a sholáthar do shraith ghreannmhar 7 gcuid, *'The Daffodil'*, a bhí le craoladh ar KCLR 96FM; sraith drámaí gearra den teideal, *'Ten Minute Terrors'* ar West Dublin Access Radio; agus, na drámaí aonair, *'Matches'* agus *'Left Behind'*, a bhí sceidealaithe le craoladh ar Newstalk 106 agus Shannonside 104FM, faoi seach.
- Bhuaigh *'End of the Line'*, a léirigh Daithí MacMahon agus a craoladh ar Radio Kerry, gradam PPI in 2013. D'inis sé stair Iarnród Thrá Lí agus an Daingin trí mheascán de thráchtaireacht dhrámaithe, athchruthú drámatúil agus agallaimh le rannpháirtithe a raibh eolas pearsanta acu agus a fuair eolas ó dhaoine eile faoin iarnród.
- Bhuaigh dráma raidió trí chuid Ocean FM, *'Francisco'*, an Prix Europa mór le rá sa chatagóir dráma raidió. Bunaithe ar scríbhneoireacht an Chaptaein Spáinnigh, Don Francisco De Cuellar, ar bháigh a long in Éirinn in 1588, insíonn an dráma scéal a aistir trasna Iarthuaisceart na hÉireann. Bhí an rath ar Ocean FM, chomh maith, nuair a bhuaigh siad Gradam PPI an Dráma is Fearr in 2013, mar gheall ar *'Mary Motorhead'*, a scríobh Mark O'Halloran.

Teilifís

Tháinig méadú ar an líon iarratais teilifíse a fuarthas agus an méid iomlán cistithe a iarradh in 2013, agus fuair an BAI 249 iarratas ar chistiú ar luach €44.7 milliún. Astu seo, d'éirigh le 62 díobh agus b'ionann an leithdháileadh iomlán cistithe ar theilifís agus €11.515 milliún in 2013.

Buaicphointí Cistithe agus Craolacháin

Gné den Scéim 'Sound & Vision' is ea a chinntiú go bhfuil leathadh maith ann de leithdháileadh cistithe ar fud na bhformáidí éagsúla cláir, d'fhonn feabhas a chur ar an leibhéal d'éagsúlacht chlár le haghaidh luchtanna féachana. Ó pheirspictíocht teilifíse, leithdháileadh cistiú i measc fhormáidí an chláir faisnéise, an dráma, na siamsaíochta, an oideachais agus na beochana. Bhí líon buaicphointí suntasacha cistithe le sonrú sa bhliain, ina measc:

- *'1916 Seachtar Dearmadta'*. Clár leantach leis an tsraith ar a raibh an rath geal, *'Seachtar na Cásca'*. Chaith an tsraith cláir stairiúla faisnéise Gaeilge 7 gcuid seo súil ar shaol an tseachtair eile fear a cuireadh chun báis i bpríosún Chill Mhaighneann tar éis Éirí Amach na Cásca 1916.
- *'Lá Dár Saol'*, tionscadal an-nuálach meán/litearthachta, ina gcuirtear oiliúint ar dhaoine óga chun a n-ábhar féin a fhorbairt trí shraith ceardlann agus déanfar an t-ábhar is mó is spéisiúil a thaispeáint sa chlár. Tá an clár seo le craoladh ar TG4 in 2014.
- Fuair roinnt tionscadail dráma teilifíse tacaíocht, lena n-áirítear tionscadal dar teideal *'The Guarantee'*. Bhí seo le craoladh ar TV3 in 2014, agus rinneadh é a oiriúnú ón léiriúchán amharclainne, déanann an dráma fad scannáin seo athchruthú ar fhíor-imeachtaí chun an scéal a insint a raibh an cinneadh cinniúnach mar thoradh air a rinne Stát na hÉireann chun ráthaíocht chosanta bainc a chur ar fáil i Meán Fómhair 2008.
- Rinneadh leithdháileadh suntasach cistithe, tríd an Scéim, don tsraith beochana, *'Nelly and Nora'*. Bhí seo le craoladh ar RTÉ Junior, agus déanann an tsraith imeachtaí teaghlaigh a thaispeáint atá ar saoire thar lear in Éirinn.

- Soláthraíodh tacaíocht chistithe in 2013, chomh maith, don chraoltóir pobail, DCTV do léiriú dráma teilifíse dar teideal *'The Inquiry'*, bunaithe ar Fhrithdhúnadh 1913.

Ó cuireadh tús leis an Scéim 'Sound & Vision', ainmníodh réimse de chláir faisnéise teilifíse, drámaí agus scannáin le haghaidh gradam, mar aitheantas ar cháilíocht na gclár a cuireadh le chéile, agus bhí amhlaidh le sonrú in 2013 chomh maith. Bhí an méid a leanas i measc na mbuaiteoirí agus/nó na n-ainmnithe gradaim:

- *'On a River in Ireland'*, an leagan ar fad scannáin den chlár faisnéise dhá chuid, *'The Secret Life of the Shannon'*, a craoladh ar RTÉ i mBealtaine. Rinne Crossing the Line an clár a chur i dtoll a chéile, bhain an clár faisnéise ar fad scannáin gradaim amach mar gheall ar an Eagarthóireacht is Fearr, an Clár is Fearr maidir le Gnáthóga Fiadhúlra agus Gradam foriomlán Grand Teton is fearr, ag an bhFéile Scannán is fearr sa domhan, Jackson Hole.
- Bhuaigh an scéal neamhghnách grá agus an léiriú aiceanta ar theaghlach sona sásta Éireannach, *'Run & Jump'*, ar chuir Samson Films i dtoll a chéile, an clár is fearr Éireannach ar fad scannáin ag Fleá Scannán na Gaillimhe.
- Rinneadh *'Instrumental'* a vótáil mar cheann de na '7 bhFormáid ab Fhearr' in 2013 ag na Craoltóirí Seirbhíse Poiblí ó Aontas Craolacháin na hEorpa. Taispeánadh *'Instrumental'* den chéad uair i nDeireadh Fómhair 2012 ar feadh 6 seachtaine ar RTÉ One. Lorg sé leis an bpobal a spreagadh chun foghlaim faoi conas gléasanna ceoil a sheinm agus bhí daoine móra le rá sa chlár, ar nós Brent Pope, Manuela Spinelli agus John Murray i gcomhluadar mhuintir an phobail chun foghlaim conas gléas ceoil a sheinm thar cheithre mhí.
- Rinneadh 34 ainmniúchán i nGradaim Scannáin agus Theilifíse na hÉireann 2013 le haghaidh clár a fuair cistiú trí 'Sound & Vision II'. I measc na gclár buaiteacha, bhí *'Amber'*, *'Páidí Ó Sé – Rí an Pharóiste'* agus *'1916 - Seachtar Dearmadta'*. I measc na gclár a ainmníodh, bhí *'The Sea'*, *'Run and Jump'*, *'The Scholarship – Class of 2018'*, *'Bliain in Árainn Mhór'*, *'The Estate'* agus *'John Lonergan's Circus'*.

Feasacht ar Scéim 'Sound & Vision'

Príomhghné d'obair leanúnach an BAI i dtaca leis an gCiste Craolacháin is ea a chinntiú go bhfuil feasacht ann i measc pháirtithe leasmhara na Scéime agus gur féidir teacht ar thacaíocht chistithe le haghaidh clár a bhaineann le cultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann, litearthacht daoine fásta agus sna meáin agus saincheisteanna domhanda.

Dhírigh rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara ar líon limistéir éagsúla in 2013. Ag tús na bliana, bhí ceardlanna ar bun i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh chun tacú le tabhairt isteach an chórais nua ar líne, www.baionline.ie. Anuas air sin, sholáthair na ceardlanna seo deis fhiúntach chun dul i ngleic le saincheisteanna oibríochtúla eile le páirtithe leasmhara, de réir mar a tháinig siad chun solais.

Ag deireadh na bliana, bhí imeacht tionscail ar bun ag an BAI i bPáirc an Chrócaigh chun plé a dhéanamh ar thorthaí athbhreithniú reachtúil na Scéime agus chun tograí a leagan amach le haghaidh fhorbairt na Scéime nua 'Sound & Vision 3'.

I gcaitheamh na bliana, rinneadh ionadaíocht don BAI ag roinnt imeachtaí agus fóraim thionscail ina ndearnadh plé ar chistiú, agus an Scéim 'Sound & Vision', ach go háirithe. Ina measc seo bhí bricfeasta tiomnaithe an IFTA, Féile Oiliúna Craol, agus an Aois Dhigiteach agus an Todhchaí ('The Digital Age and the Future') i gConamara. Ina theannta sin uile, ghlac an BAI páirt in imeachtaí agus thacaigh siad le himeachtaí Féile Scannán Idirnáisiúnta Jameson, Fleá Scannán na Gaillimhe agus féile chláir faisnéise Guth Gafa.

Rialachas

Ba phríomhghné eile de ghníomhaíocht an BAI in 2013 saincheisteanna a bhain le rialachas maidir leis an gCiste Craolacháin.

Athbhreithniú Reachtúil ar 'Sound & Vision II'

Ceanglaíonn an tAcht Craolacháin ar an BAI chun tabhairt faoi athbhreithniú ar thionchar, éifeachtacht agus oibriú na Scéime ar bhonn trí huaire sa bhliain. Tar éis comhaontú a dhéanamh ar scóip an athbhreithnithe agus tús curtha leis an obair thosaigh go déanach in 2012, le tacaíocht ó na comhairleoirí neamhspleácha, Crowe Horwath, cuireadh an tuarascáil agus na torthaí deiridh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus d'fhoilsigh sé iad i Samhain 2013.

Rinne an t-athbhreithniú scrúdú ar thionchar na Scéime ó líon peirspictíochtaí: an geilleagar, an earnáil léiriúcháin, na craoltóirí, agus an lucht féachana. Ar an iomlán, thug na torthaí le fios go raibh tionchar dearfach ag an Scéim ó na peirspictíochtaí uile seo.

Thug taighde a rinneadh ar an lucht féachana mar chuid den athbhreithniú le fios go raibh dearfacht shuntasach ann i dtaobh coincheap scéime ina dtacaíonn comhréir den táille cheadúnais le cláir a dhéanamh ar bhonn

neamhspleách. Tugann seo le tuiscint go bhféadfadh an BAI an Scéim a chur chun cinn níos mó agus i gcomhthéacs an luacha a chruthaíonn an táille cheadúnais.

Cé go ndearnadh líon moltaí maidir le forbairt atriallta amach anseo de chuid 'Sound & Vision', thug na torthaí le fios gur theastaigh athrú incriminteach seachas claochlú radacach. I measc na moltaí suntasacha, bhí an méid a leanas:

- Bhí tacaíocht thréan le leanúint bhreise na Scéime;
- Ba cheart an próiseas reatha d'idirchaidreamh páirtithe leasmhara a threisiú, agus ba cheart bonn níos struchtúrtha a leagan faoi, go hidéalach;
- Ba cheart na tosaíochtaí straitéiseacha amach anseo le haghaidh gach babhta cistithe a dhéanamh ní ba shoiléire.

Sheol an BAI comhairliúchán poiblí ar 'Sound & Vision 3', tar éis faisnéis a fháil ó thorthaí an athbhreithnithe reachtúil, chun teacht in ionad na Scéime reatha. Bhí an tÚdarás in ainm is breithniú a dhéanamh ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí go luath in 2014, d'fhonn cur isteach ar fhaomhadh le haghaidh Scéim leasaithe don Aire Cumarsáide agus don Choimisiún Eorpach.

Iniúchadh ar an gCiste Craolacháin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (AR C agus C)

Mar chuid dá n-obair in 2012, thug an AR C agus C faoi iniúchadh mionsonraithe ar an gCiste Craolacháin. Bhí dhá chuspóir ag an iniúchadh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar riaradh agus bainistíocht an chiste;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aschuir agus ar fheidhmíocht an chiste agus ar an méid a rinneadh é a mheasúnú.

D'eascair líon moltaí ón iniúchadh ar ghlac an BAI leo ina n-iomláine nó go páirteach. Bhain gach ceann de na moltaí a rinne an AR C agus C le feabhas a chur ar riarachán agus trédhearcacht na Scéime. In Aibreán, rinne ionadaithe den eagraíocht cur i láthair leis an gCoiste Cuntas Poiblí, a thug breac-chuntas ar an mbealach ina rabhthas ag dul i ngleic le saincheisteanna a tháinig chun solais ón iniúchadh. Léirigh an Coiste go raibh siad sásta le cur chuige an BAI i leith oibriú na Scéime agus le dul chun cinn na heagraíochta i dtreo chur i bhfeidhm na moltaí.

www.baionline.ie

Lean an BAI le bearta a ghlacadh chun trédhearcacht na caoi a riarann siad an Scéim a threisiú. Ina leith seo, bhí an BAI ag oibriú ar feadh roinnt ama ar fhorbairt córas nua mór ar líne a chuimsigh gach gné d'oibriú na Scéime.

In Eanáir 2013, aistríodh gach gné d'oibriú na Scéime 'Sound & Vision II' ar líne agus tugadh www.baionline.ie isteach go rathúil. Cuireadh tabhairt isteach an chórais nua i gcrích go rathúil i Meitheamh 2013, nuair a cuireadh gach iarratas faoi Bhabhta 18 ar aghaidh tríd an gcóras ar líne bainistíochta deontais.

Bhí an córas deartha leis an ualach riaracháin a laghdú a bhí ar gach páirtí leasmhar agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht an phróisis a úsáideadh chun an Ciste Craolacháin a bhainistiú. Chinntigh sé gur bainistíodh gníomhaíocht mhéadaithe faoi 'Sound & Vision' in 2013 laistigh de na hacmhainní reatha agus gan aon mhoill chomhfhreagrach a bheith ar cheangail ama a foilsíodh.

Scéim Cartlannaithe

B'fhorbairt thábhachtach bunú na Scéime Cartlannaithe don tionscal craolacháin agus do luchtanna féachana na hÉireann araon. Forbraíodh an Scéim trí idirchaidreamh le réimse leathan craoltóirí agus grúpaí saineolaithe agus cuirfidh sí le caomhnú oidhreacht chraolacháin na hÉireann, mar aon le rochtain bhreise a sholáthar don phobal ar an stair agus an cultúr an-saibhir de chraolachán in Éirinn.

Tá an Scéim oscailte do chraoltóirí, fógróirí, daoine/institiúidí a bhfuil an t-ábhar ábhartha acu, mar aon le daoine/institiúidí atá in ann tabhairt faoi obair ar ábhar a chartlannú a meastar a mbaineann luach leis don Stát, agus daoine/institiúidí atá in ann cuspóirí na Scéime Cartlannaithe a chur chun cinn.

Osclaíodh an chéad bhabhta den Scéim Cartlannaithe go déanach in Eanáir agus bhí díriú ar leith ar ábhar clár stairiúil, atá faoi bhagairt, cibé acu tríd an mbail leochaileach fhisiciúil atá orthu nó a láithreacht ar fhormáid a bheidh as feidhm go luath. Tar éis measúnú a dhéanamh ar 26 iarratas a fuarthas, leithdháileadh cistiú €1.5 milliún ar sheacht dtionscadal éagsúla.

I measc na n-iarratasóirí rathúla, bhí: cartlannú ábhar nuachta agus cúrsaí reatha ar Today FM (2000-2009) agus TV3 (ó 1998 go dtí seo); cartlannú Nuacht Teilifíse RTÉ (1985-1999); cartlannú bailiúchán de chlosdioscaí aicéatáite ag RTÉ (1937-1971) agus tionscadail eile ó UTV, Iontaobhas Radharc agus an craoltóir pobail, Northern Visions Limited.

Fógraíodh go mbeadh babhta breise den Scéim ann i Nollaig 2013 agus tá sé ar intinn go mbeidh cistiú €2.8 milliún ar fáil thar dhá bhabhta bhreise in 2014.

IOLRACHT A CHINNTIÚ

Ar cheann de phríomhspriocanna an BAI tá a chinntiú, trína ngníomhaíocht rialála, go n-éascaítear timpeallacht chraolacháin a chuireann meascán de chraolacháin seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail chun cinn. Ní mór don BAI a chinntiú go dtacaítear le hiolracht tuairime, aigne agus foinse trí bhunú agus chur i bhfeidhm beartas, cód agus nósanna imeachta.

Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht

Ceanglaíonn Alt 42 den Acht Craolacháin ar an Údarás chun cóid éagsúla a réiteach a rialaíonn na caighdeáin agus an cleachtas ("cóid chraolacháin") a bhfuil meas le léiriú ag craoltóirí orthu. Áirítear leis seo Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha a fhorbairt.

Tar éis tabhairt faoi chomhairliúchán fairsing agus cuimsitheach ar fhorbairt dréachtchóid i rith 2012, seoladh an Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta deiridh in Aibreán 2013, agus ba í Iúil na bliana sin an dáta forfheidhmithe.

Sular cuireadh i bhfeidhm é, bhí ceardlann ar bun ag an BAI le craoltóirí go déanach i mBealtaine chun saincheisteanna a phlé agus a fhiosrú maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil an Chóid. Cé nár tháinig aon saincheisteanna chun solais a bhí ina n-ábhar mór buartha ag an gceardlann, bhain na limistéir ar ar dhírigh craoltóirí go mór, ó pheirspictíocht forfheidhmithe, le:

- Gearáin chráiteacha/chiotacha gan bhunús;
- Conas a léirmhínítear craolacháin nasctha i gcás gearán;
- Bailíocht leanúnach mhoratóra roimh lá vótála;
- An t-athrú atá roimh earnáil an phobail i gcomhthéacs láithreoirí deonacha;
- An gá atá tugtha le fios le treoir bhreise ón BAI maidir leis an méid a leanas: na meáin shóisialta agus a mbainistiú maidir leis an gCód; an riail a bhaineann le tuairimí féin láithreoirí; agus, conas ar cheart bainistiú a dhéanamh ar choimhlintí féideartha leasa.
- Saincheisteanna de thoiliú tuismitheora i gcomhthéacs cláir bheo agus baint leanaí;

I ndiaidh na ceardlainne agus mar fhreagairt do na ceisteanna a tugadh chun solais, forbraíodh treoir ar an gCód agus eisíodh í do gach craoltóir, ag tráth dháta éifeachtach an Chóid.

Monatóireacht a Dhéanamh ar Iolracht na Meán

Thapaidh an Fheidhmeannacht líon deiseanna chun páirt a ghlacadh sna fóraim ábhartha ar iolracht na meán d'fhonn treochtaí a rianú i monatóireacht agus i dtomhas a dhéanamh ar iolracht na meán i ndlínsí agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht samhlacha eile lena gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs Éireannach. Anuas air sin, shainaithin Scéim Cistithe Taighde Meán an BAI monatóireacht a dhéanamh ar iolracht na meán mar théama tosaíochta le haghaidh tionscadail chistithe taighde mar chuid dá Scéim 2013.

- Comhairliúchán an AE ar Shaoirse agus Iolracht na Meán

  Go déanach sa samhradh, chuir an BAI a bhfreagairt ar aghaidh chuig Comhairliúchán 2013 an AE ar Thuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar Shaoirse agus Iolracht na Meán. Leag an aighneacht béim ar thuairim an BAI go bhféadfadh inniúlacht níos cuimsithí don AE maidir le saoirse agus iolracht na meán méid ní ba mhó de shoiléireacht a éascú i dtaca leis na cuspóirí atá le baint amach ina leith seo, mar aon le leibhéal níos airde de shainiúlacht in ionchais, agus san fhreagracht ag, rialtas náisiúnta i mbaint amach shaoirse agus iolracht na meán. Anuas air sin, thug sé chun solais an cumas don AE chun timpeallacht dhaingean, shaor agus iolraíoch a chothú le tíortha an aontachais.

  Thacaigh aighneacht an BAI leis an tuairim gur cheart go mbeadh aird ag aon chreatlach nua rialála ar shaoirse agus iolracht na meán ar thimpeallacht

nua na meán, aitheantas a thabhairt don réimse fairsing d'fhoinsí nua de nuacht agus iad siúd atá ag teacht chun cinn agus an rogha atá ar fáil do shaoránaigh a bhfuil de chumas acu tionchar a imirt ar chruthú meonta agus tuairimí poiblí. Fite fuaite le haon chreatlach nua rialála, i dtuairim an BAI, tá an gá le bheith in ann an réimse foinsí a thomhas óna bhfaigheann saoránaigh rochtain ar nuacht, faisnéis agus tuairimí d'fhonn measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cuspóir na hiolrachta á bhaint amach, mar aon leis an mian atá le hoideachas i litearthacht sna meáin chun cabhrú le saoránaigh níos óige tuiscint a fháil agus measúnú criticiúil a dhéanamh ar an ról a chomhlíonann na meáin i ndaonlathas atá ag feidhmiú.

Maidir le cistiú poiblí le haghaidh eagraíochtaí meán, léirigh an BAI an tuairim nár cheart ach cistiú poiblí a thabhairt d'eagraíochtaí meán ar bhonn oscailte agus trédhearcach agus go mbeadh na heagraíochtaí siúd go hiomlán freagrach as an úsáid a bhaineann siad as cistiú poiblí, agus an prionsabal bunaithe a aithint a bhaineann le sreabhadh tiomnaithe de chistiú a bheith agat ag an leibhéal náisiúnta le haghaidh eagraíochtaí craolacháin seirbhíse poiblí. Ar a shon sin, sa chás go gcuirtear cistí ar leataobh ar mhaithe le hiomaíocht oscailte, ba cheart go mbeidís ar fáil ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, oibiachtúil agus trédhearcach.

Ar deireadh, thacaigh aighneacht an BAI le bearta a spreagfadh iriseoireacht ardchaighdeáin, rochtain oscailte agus neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis ar líne agus prionsabal an mheasúnaithe réamhghníomhaigh ar thimpeallachtaí agus margaí meán d'fhonn saoirse agus iolracht na meán a chinntiú.

- An Bille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

  Bhí idirchaidreamh suntasach ag an BAI leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar na gnéithe siúd den dréacht-Bhille um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí a imreoidh tionchar ar fheidhmeanna agus dualgais reachtúla an Údaráis i dtaca le cónascadh meán. Rinne an tÚdarás moladh ar na gnéithe ábhartha um chur i bhfeidhm agus oibríochtúla den reachtaíocht a bheartaítear agus bhíothas ag súil leis go leanfadh obair sa limistéar seo ar aghaidh isteach sa chéad leath de 2014.

TIONCHAR A IMIRT & CUMARSÁID A DHÉANAMH

Mar eagraíocht, tá an BAI tiomanta do bheith mar ghuth feasach agus a mbíonn daoine muiníneach as i dtimpeallacht na meán – inrochtana agus ar fáil don phobal, an lucht déanta beartais, craoltóirí agus an Rialtas. Baineann an BAI é seo amach trí chlár gníomhach idirchaidrimh, rannpháirtíochta agus cumarsáide i bhfóraim náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta níos fairsinge.

Bhí téamaí go leor den idirchaidreamh agus den chumarsáid seo in 2013 nasctha le cuspóirí fadálacha an BAI chun éagsúlacht a chinntiú san ábhar le haghaidh lucht féachana na hÉireann agus iolracht a choinneáil sa réimse guthanna agus foinsí nuachta agus tuairimí atá ar fáil i dtimpeallacht chraolacháin na hÉireann. Nasctha leis na téamaí seo tá tionchar na coinbhéirseachta agus na dteicneolaíochtaí nua ar thírdhreach meán na hÉireann agus na dúshláin a thagann chun solais ina leith seo agus sinn ag tabhairt faoi na príomhchuspóirí seo. Faoi mar is léir ó go leor de ghníomhaíochtaí an BAI sna fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta i rith 2013, chuir téamaí na heágsúlachta agus na hiolrachta castacht leis seo i ndomhan ina bhfuil teicneolaíochtaí ag coinbhéirsiú ar a chéile.

Páipéar Glas an Choimisiúin Eorpaigh – 'Réiteach á Dhéanamh do Dhomhan Closamhairc atá go hiomlán Coinbhéirsithe'.

Dhírigh Straitéis 2011-2013 an BAI go mór ar ghealltanas chun tionchar teicneolaíochtaí nua a shainaithint don bhreathnóir agus don éisteoir. Sa chomhthéacs seo, d'fháiltigh an BAI an tionscnamh thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh chun plé fairsing poiblí a spreagadh, trína bPáipéar Glas, ar impleachtaí chlaochlú leanúnach an tírdhreacha closamhairc i gcomhthéacs na coinbhéirseachta. Ina bhfreagairt don Pháipéar Glas, thug an BAI chun solais:

- Na dúshláin a cuireadh roimh shreabhadh traidisiúnta ioncaim le haghaidh craoltóirí dúchasacha a d'eascair as timpeallacht na meán a bhí ag teacht chun cinn agus an tionchar iarmharach a imríodh ar cháilíocht, éagsúlacht agus ábharthacht an ábhair is féidir leis na craoltóirí sin a chur ar fáil;
- Tábhacht na rochtana agus an láithrithe ar réimse ardáin seachadta mar phríomhshaincheist le haghaidh cainéil dhúchasacha;
- An tionchar a imríonn prionsabal thír thionscanta na Treorach maidir le Seirbhísí Closamhairc Mheán ar Bhallstáit bheaga an AE, ar nós na hÉireann, go háirithe i dtaca le fógraíocht a ndéantar roghnú gan bheith páirteach inti;
- An tuairim go dteastaíonn comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta agus AE ó ghníomh éifeachtach i litearthacht na meán agus leanfaidh seo bheith mar bhonn agus taca le cur chuige an BAI.

D'athluaigh an BAI go gcreideann siad, de réir mar a thagann tírdhreach na meán chun cinn agus go n-éiríonn sé níos casta agus níos éagsúla, go bhfuil an gá le cosaint agus cumasú na luchtanna féachana ag teacht chun cinn i gcónaí i measc comhlachtaí rialála. Scileanna a mbaineann níos mó tábhachta leo nach féidir talamh shlán a dhéanamh díobh iad muinín agus cumas nuair a bhíonn foinsí fairsinge meán á rochtain agus á dtreorú.

Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Sheirbhísí Closamhairc Mheán

In 2013, ghlac an BAI le cuireadh chun páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre nuabhunaithe de rialtóirí craolacháin sna Ballstáit, a thionóil an Coimisiún Eorpach. Is é cuspóir an Ghrúpa chun comhairle a chur ar an gCoimisiún ar chur i bhfeidhm na Treoracha reatha Seirbhísí Meán Closamhairc mar aon le creatlach nua fhéideartha le haghaidh rialála amach anseo. I measc phríomhghnéithe an chéid Chlár Oibre den ghrúpa tá díriú ar an timpeallacht choinbhéirsithe agus rialáil seirbhísí neamhlíneacha; neamhspleáchas comhlachtaí rialála craolacháin; agus, cosaint mionaoiseach sa domhan ar líne.

An Múchadh Analógach agus an tAistriú Digiteach

Lean an BAI le páirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir leis an múchadh analógach agus an t-aistriú digiteach. I rith 2013, bhí an BAI mar chathaoirleach ar chruinniú le príomhpháirtithe leasmhara ón DCENR, RTÉ agus 2RN, chun plé a dhéanamh ar ionchais amach anseo le haghaidh ardán Saorview agus saincheisteanna lena mbaineann. Rinneadh comhaontú gur cheart líon gníomhartha a chur i gcrích roimh chruinnithe breise an ghrúpa páirtithe leasmhara níos fairsinge. Ina measc seo, tá athbhreithniú a dhéanamh ar DTT tráchtála a bhfuil an BAI le tabhairt faoi agus toradh athbhreithniú ComReg ar tharaifí.

Reachtaíocht

I rith 2013, rinne an BAI cumarsáid rialta le hoifigigh sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, agus sholáthair siad aiseolas ar shaincheisteanna um chur i bhfeidhm i reachtaíocht reatha chraolacháin na hÉireann. Anuas air sin, sholáthair an eagraíocht comhairle, chomh maith, ar leasuithe féideartha a shoiléireodh agus/nó a chuirfeadh feabhas ar an gcreatlach reatha rialála le haghaidh rialáil chraolachán na hÉireann.

Láithreacht Idirnáisiúnta/Náisiúnta

Lean an BAI le páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna craolacháin. Le linn 2013, rinneadh ionadaíocht don BAI ag cruinnithe an EPRA (an tArdán Eorpach Údaráis Rialála sa Chraolachán) Krakow agus Vilnius.

Díríodh go príomha ar théamaí na hÉagsúlachta agus na Coinbhéirseachta mar chuid de chur i láthair an BAI do thoscairí ag an gcruinniú in Krakow i mBealtaine 2013. Tharraing an cur i láthair aird ar an dúshlán leanúnach rialála lena mbaineann ardphróifíl a éascú le haghaidh ábhar seirbhíse poiblí na hÉireann agus a thaispeáint san éiceachóras closamhairc níos casta ina bhfuil Éire suite. Tugadh chun solais na dúshláin ar leith a chruthaíonn timpeallacht nua na meán le haghaidh PSBanna déchistithe, lena n-áirítear treochtaí sa lucht féachana agus ilroinnt ioncaim agus an iomaíocht ghéar ó ardáin nua agus ó sholáthróirí ábhair. Chomh maith leis sin, d'aithin an cur i láthair na dúshláin a bhí roimh chraoltóirí chun cothromaíocht oiriúnach a bhaint amach idir seirbhísí traidisiúnta agus nua na meán, d'fhonn a gcroíchuspóirí a chomhlíonadh, agus i gcomhthráth, teacht chun cinn chun freastal ar riachtanais luchtanna féachana.

I dtaobh a mhacasamhail de théama, rinne an BAI a dtaithí a roinnt a bhí acu nuair a bhí samhail de mhaoirsiú ar chistiú poiblí á forbairt agus á cur i bhfeidhm acu a bhí forbartha acu, ag máistir-rang rialála sa Bhruiséil, a d'eagraigh Cullen International.

Bhí ról na meán cumarsáide pobail in Éirinn mar phríomhghné le héagsúlacht agus iolracht a sholáthar i seirbhísí craolacháin do phobal na hÉireann mar ghné de chur i láthair an BAI ag seimineár idirnáisiúnta ar Raidió Pobail, a d'eagraigh rialtóir craolacháin na Beilge, an CSA, i gcomhar le Université Libre de Bruxelles.

Anuas air sin, d'fhreastail an BAI ar chomhdháil rialtóirí domhanda an IIC i Londain a thug rialtóirí le chéile ón dá earnáil chlosamhairc agus teileachumarsáide chun faisnéis a roinnt agus a mhalartú ar shaincheisteanna ar nós thionchar na coinbhéirseachta agus teicneolaíochtaí nua ar thírdhreach na meán.

Lean an Fheidhmeannacht le bheith mar chuid den toscaireacht ag cruinnithe Choiste Teagmhála an CE agus, chomh maith leis sin, chas siad le hionadaithe de Rúnaíocht Iomaíochta an CE in Iúil chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhain leis an PSB.

I measc na n-imeachtaí náisiúnta ar freastalaíodh orthu, bhí comhdhálacha an IBI agus Learning Waves. Rinne an Príomhfheidhmeannach páipéar a chur i láthair ar stair an chraolacháin a bhí ar siúl ag Ollscoil Luimnigh.

Idirchaidreamh le páirtithe leasmhara

Soláthraíodh clár bliantúil le haghaidh idirchaidreamh réamhghníomhach le réimse páirtithe leasmhara, atá nasctha le cuspóirí agus le torthaí oibre an BAI. Áiríodh leis an gclár cumarsáide idirchaidreamh le craoltóirí, iriseoirí, comhlachtaí ionadaíocha den tionscal, grúpaí úsáideoirí rochtana, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus óige.

Anuas air sin, tugadh láithreán gréasáin nua isteach ar a bhfuil go leor meán, www.baifuture.ie, i rith 2013 a sholáthraíonn bealach breise don BAI chun páirtithe leasmhara a chur chun cinn agus a spreagadh i dtaobh na gcomhairliúchán poiblí a bhíonn ar siúl i rith na bliana. Ina theannta sin, tugadh úsáid shruthú agus thaifeadadh beo imeachtaí an BAI isteach i mbliana, agus arís eile, cruthaíonn seo breis deiseanna faisnéise agus cumarsáide don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile an BAI.

Tháinig méadú réidh ar fhiosrúcháin mheán chuig an eagraíocht i rith 2013 agus d'eisigh an BAI 48 preaseisiúint i rith na bliana, a chruthaigh cumhdach suntasach na meán. Cuireadh breis agus 800 mír ábharthachta don BAI sna meáin náisiúnta agus áitiúla i rith na bliana. Ar leibhéal náisiúnta, i measc na n-ábhar ba mhó spéis do na meáin, bhí na gradaim chistithe 'Sound & Vision', forbairt cód agus cinntí faoi ghearáin, agus ar leibhéal áitiúil, chruthaigh obair an Choiste um Dheonú Conarthaí dea-chlúdach i rith na bliana maidir le hathcheadúnú a dhéanamh ar sheirbhísí raidió áitiúil tráchtála.

Chomh maith leis sin, rinneadh cur chuige an BAI i leith na meán sóisialta a threisiú i rith na bliana. Ghabh plean le haghaidh idirchaidreamh na meán sóisialta le gach ceann de chomhairliúcháin phoiblí na heagraíochta, i measc réimse d'ardáin na meán sóisialta. Ní hamháin go ndearna an cur chuige seo idirghníomhaíocht níos fearr a éascú leis na páirtithe leasmhara ábhartha den tionscal, ach mhéadaigh sé idirghníomhaíocht le muintir an phobail, na sochaí sibhialta agus réimse d'eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Urraíocht

Tugtar faoi Scéim Urraíochta an BAI gach bliain laistigh de chomhthéacs Phlean Cumarsáide an BAI. Uirlis thábhachtach is ea urraíocht a chuireann ar chumas an BAI cumarsáid a dhéanamh le réimse de ghrúpaí páirtithe leasmhara. Déanann sé feasacht ar chuspóirí agus gníomhaíochtaí straitéiseacha na heagraíochta a thabhairt chun solais agus cabhraíonn sé leis an eagraíocht a shuíomh chomh maith. Trí thacaíocht urraíochta a chur ar tairiscint d'imeachtaí/ghníomhaíochtaí, tá an BAI ag cur le borradh agus forbairt leanúnach an tionscail chlosamhairc in Éirinn.

Thacaigh Scéim Urraíochta an BAI, a raibh buiséad €109,000 inti, le 20 imeacht/gníomhaíocht ábhartha i rith na bliana. Ina measc seo bhí Féile na Meán Ceilteach a bhí ar siúl sa Bhreatain Bheag, an tAonach agus an Margadh Scannán ag Fleá Scannán na Gaillimhe, urraíocht leanúnach chatagóir an Dráma is Fearr ag Gradaim Scannán agus Teilifíse na hÉireann, urraíocht chomhpháirtithe na nGradam Raidió PPI, urraíocht Sheachtain na Gaeilge agus tugadh tacaíocht do shraith imeachtaí máistir-ranganna ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Jameson.

Anuas air sin, ba í 2013 an chéad bhliain inar thug an BAI tacaíocht le seimineár tionscnaimh Digital Biscuit. Ar a bharr sin, lean an eagraíocht lena dtacaíocht a thabhairt le cláir Ghaeilge agus rinne siad comórtais le haghaidh meánscoileanna, a bhí á reáchtáil ag Glór na nGael agus Gael Linn. Anuas air sin, chuir Scéim Urraíochta an BAI tacaíocht ar fáil i dtreo oibriú Cogar.ie (láithreán gréasáin Ghaeilge le haghaidh craoltóirí) agus óstáil Chomhdháil Bhliantúil 2013 an IAMCR ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis sin, bhí a gcéad imeacht ar bun ag an BAI i gcomhthráth le hOíche an Chultúir in 2013 agus d'oscail siad foirgneamh an BAI do bhreis agus 100 cuairteoir a tháinig chun féachaint ar iarsmalann mír aníos de threalamh raidió agus teilifíse agus chun freastal ar imeacht Sounds Alive Audio ar ábhar chartlann Choimisiún Béaloidis na hÉireann. Craoladh clár raidió ina raibh closábhar ón imeacht ina dhiaidh sin ar RTÉ Lyric FM.

TRÉDHEARCACHT AGUS FREAGRACHT CHRAOLTÓIRÍ A THREISIÚ

Príomhchuspóir straitéiseach don BAI is ea a chinntiú go n-oibríonn gach craoltóir atá ceadúnaithe ag an rialtóir i leith théarmaí agus choinníollacha a gconarthaí, agus go n-oibríonn craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí i gcomhréir leis na cóid agus rialacha craolacháin. Anuas air sin, tá ról ag an BAI le comhlíonadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht chraoltóirí seirbhíse poiblí lena chinntiú go bhfuil trédhearcacht agus freagracht le sonrú in úsáid cistí poiblí. Cuimsíonn trédhearcacht agus freagracht a chinntiú go bhfuil na bearta comhlíonta agus forfheidhmithe a chuireann an BAI i bhfeidhm cothrom, comhréireach agus go léiríonn siad riachtanais an lucht féachana. Cuireadh réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí chun cinn in 2013 i gcomhlíonadh na sprice straitéisí seo.

Athbhreithniú Cúig Bliana ar Chistiú Poiblí le haghaidh Craoltóirí Seirbhíse Poiblí

Faoin Acht Craolacháin, 2009, ceanglaítear ar an Údarás tabhairt faoi athbhreithniú cuimsitheach, gach cúig bliana, lena dheimhniú leordhóthanacht an chistithe le haghaidh RTÉ agus TG4 chun a ndualgais seirbhíse poiblí a bhaint amach. Thug an BAI an mórphíosa oibre seo chun críche in 2013, agus chuir siad na torthaí agus sraith moltaí faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i Meitheamh. Ar an iomlán, chuir an tuarascáil an chastacht in iúl a bhain le saincheisteanna cistithe phoiblí agus rinne sí breathnú agus moltaí an Údaráis a shuíomh go cuí laistigh dá sainchúram reachtúil agus de na comhthéacsanna níos fairsinge cultúrtha, sóisialta agus beartais.

Ina dtorthaí, bhí an tÚdarás faoin tuairim nár cheart go dtiocfadh aon mhéadú láithreach ar an táille cheadúnais. Ar a shon sin, chreid siad gur dhócha go dteastódh breis cistí poiblí, go háirithe i gcás RTÉ, amach anseo, chun infheistíocht a chinntiú in aschur an chláir. Mhol an tÚdarás gur cheart go mbeadh aon mhéadú ar chistiú ar choinníoll go mbaineann RTÉ amach breis laghduithe agus coigiltí costais. Anuas air sin, tá sé beartaithe gur cheart méadú a dhéanamh go príomha tríd an earnáil neamhspleách léiriúcháin, agus go dtabharfadh RTÉ le fios go soiléir an méid a sholáthróidh seo i dtaobh cláir bhreise. Anuas air sin, tacaíodh le cur chuige nua i leith chistiú poiblí RTÉ trí athchothromú idir airgead poiblí agus tráchtála a fhaigheann agus a ghineann an craoltóir. Ina leith seo, bheartaigh an tÚdarás gur cheart don Aire pointe os cionn an ioncaim ón táille reatha cheadúnais a dheimhniú, áit a ndéanfaí cistiú poiblí a mheaitseáil le laghdú ar ioncam tráchtála le haghaidh RTÉ.

I dtaobh TG4, aithníonn an tÚdarás na cúinsí agus na dúshláin ar leith atá roimh an gcraoltóir. Glactar leis nach féidir breis coigiltí agus éifeachtúlachtaí costais a bhaint amach faoi shamhail reatha oibríochtúil TG4. Bhí an togra, ar an ábhar sin, dírithe ar chistiú a choimeád ar na leibhéil reatha. Mhol an tÚdarás gur cheart machnamh a dhéanamh ar bhreithniú breise mionsonraithe a dhéanamh ar phatrúin an lucht féachana amach anseo agus ar cibé acu ar cheart nó nár cheart na hacmhainní reatha a úsáid ar bhealach éagsúil. Mhol an tÚdarás, chomh maith, go n-iarrfaí ar TG4 tabhairt faoi chleachtas breise chun machnamh a dhéanamh ar cén roghanna straitéiseacha faoina dtabharfaidh siad sa chás go bhfuil fáil ar leibhéil bhreise theoranta de chistiú poiblí.

Bhí an BAI sásta le luas freagartha an Aire don tuarascáil agus le formhuiniú agus glacadh an Rialtais le tromlach na dtorthaí agus na moltaí a chuimsítear san athbhreithniú. D'fhógair an tAire sraith bhreise de thionscadail ghaolmhara ag an tráth sin agus cuireadh obair chun cinn ó shin i leith i measc na ngníomhaireachtaí éagsúla: an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR), NewERA agus an BAI. Ina leith seo, d'iarr an tAire go dtabharfadh TG4 faoin gcleachtas chun machnamh a dhéanamh ar cén roghanna straitéiseacha faoina dtabharfaidh siad sa chás go mbeadh fáil ar chistiú poiblí. Ag deireadh 2013, bhí breithniú á dhéanamh ag an Údarás ar aighneacht ón gcraoltóir, d'fhonn breathnú a dhéanamh don Aire, faoi mar a iarradh.

Ráitis Bhliantúla na nGealltanas Feidhmíochta (ASPCanna) 2013

Tugadh faoi obair shuntasach le linn na bliana idir an BAI agus an dá PSB d'fhonn a chinntiú go raibh an chreatlach chun gealltanais bhliantúla a dhéanamh ("an chreatlach ASPC") ailínithe leis na moltaí a d'eascair ón bPróiseas Athbhreithnithe Cúig Bliana. I mblianta amach anseo, tá sé beartaithe ag an BAI go n-éascóidh an t-ailíniú sin maoirsiú rialála ar an dul chun cinn atá déanta ag gach PSB i leith a bplean cúig bliana.

Faoi mar a cheanglaíonn an tAcht Craolacháin, 2009, sheol RTÉ agus TG4 Ráiteas Bliantúil na nGealltanas Feidhmíochta (ASPC) ar aghaidh ina leagtar amach na spriocanna agus na gníomhartha a bhfuil sé beartaithe acu tabhairt fúthu i gcaitheamh na bliana 2013, agus iad ag tagairt dá ndualgais, ráiteas straitéise agus ráitis seirbhíse poiblí faoi seach. Seoladh ASPC TG4 ar aghaidh in Eanáir agus rinne an tÚdarás athbhreithniú ar APSC RTÉ i Meitheamh.

I gcás na ngealltanas a sheol TG4 ar aghaidh, thug an tÚdarás roinnt ábhair bhuartha chun solais maidir le cion margaidh TG4. Bhí siad sásta, áfach, go ndearnadh iarrachtaí chun gealltanais shonracha intomhaiste a chur san áireamh anuas ar réimse gealltanais eile maidir le próifíl fhoriomlán an stáisiúin ar an ngréasán agus ar líonraí meán sóisialta. Tugadh faoi deara, chomh maith, gur thoisc thábhachtach chomhthéacsúil saincheist níos fairsinge an chion laghdaithigh de chraoltóirí i dtimpeallacht dhigiteach ilardáin nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le cion margaidh. Dheimhnigh an tÚdarás gur leor aighneacht TG4 chun riachtanais rialála an BAI a chomhlíonadh.

I dtaobh RTÉ, tugadh faoi deara go ndearnadh líon agus cineál na ngealltanas a thug an PSB a chuíchóiriú, a léirigh an t-aiseolas comhsheasmhach a thug an tÚdarás don stáisiún. Caitheadh le cuimsiú cistiú poiblí a sholáthar i measc sheirbhísí agus ábhar RTÉ, den chéad uair, mar fhorbairt dhearfach. Tugadh faoi deara gur theastaigh forbairt bhreise na samhla seo de sholáthar chun braistint leithdháilte a chruthú de chisitú thar an réimse agus an chothromaíocht ábhair sa sceideal.

Maidir leis na gealltanais, chomhaontaigh an tÚdarás nár chabhraigh réimsí sprice a leagan amach chun athbhreithniú a éascú ar na gealltanais a tugadh. Bhí seo i gceist, go háirithe, i gcásanna ina raibh bun íochtarach an réimse faoi bhun na leibhéal atá á mbaint amach faoi láthair. Dhéanfadh sprioc shonrach leis an réasúnaíocht lena ngabhann an próiseas athbhreithnithe rialála a éascú ní b'fhearr sna cásanna seo. Bhí an tÚdarás faoin tuairim gur theastaigh breis sonraí maidir leis na costais oibriúcháin a bhaineann le pá.

Léiríodh buairt fad a bhí an caidreamh idir cáipéis an ASPC agus Plean Cúig Bliana RTÉ mar an gcomhthéacs le haghaidh go leor de na gealltanais, i dtaobh na heaspa sonraí maidir le gealltanais i dtaca le forbairtí digiteacha. D'aithin an tÚdarás an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le cáipéis a fhorbairt a rinne ailíniú méadaitheach le riachtanais rialála an BAI, ach deimhníodh go raibh méid áirithe míshásaimh ann, áfach, leis an leibhéal dul chun cinn a baineadh amach.

Chomhaontaigh an tÚdarás go raibh an fhaisnéis a sholáthair an APSC leordhóthanach i dtaobh a riachtanais rialála de.

Athbhreithniú Bliantúil ar Chistiú Poiblí

Thug Comhairleoirí Geilleagracha Indecon International faoin Athbhreithniú Bliantúil ar Chistiú Poiblí le haghaidh RTÉ agus TG4 araon in 2013. Tar éis an próiseas a chríochnú, cuireadh na tuarascálacha ábhartha agus tuairimí an Údarás faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha lena mbreithniú i Samhain 2013.

RTÉ

Dheimhnigh an t-athbhreithniú gur chomhlíon an stáisiún tromlach na spriocanna a leag siad amach dóibh féin in 2013. Go príomha ina measc seo bhí an dul chun cinn a rinneadh chun costais oibriúcháin a laghdú. Cé gur thug RTÉ laghduithe faoi deara ar ioncam ó fhógraíocht, ioncam iomlán tráchtála agus ioncam ó tháille cheadúnais, lean siad leis an gcion ba mhó den mhargadh fógraíocht teilifíse a bheith acu i bPoblacht na hÉireann.

Thug an t-athbhreithniú leibhéil reatha de chaitheamh chun solais, chomh maith, i dtaobh léiriúcháin neamhspleácha. Ar aon dul leis na riachtanais reachtúla, bhí seo go mór faoi bhun an chaiteachais fhoriomláin ar choimisiúnú neamhspleách in 2011.

Léiríodh an tuairim gur theastaigh ar RTÉ ní hamháin chun na spriocanna a 'shíneadh' ach chun tús áite a thabhairt do spriocanna seachas méideanna móra de ghealltanais a sheoladh ar aghaidh mar chuid den phróiseas bliantúil um leagan amach gealltanas.

Agus aird ar aon choigeartú ar chistiú poiblí, bhí an tÚdarás ar aon intinn le tuairim Indecon go bhfuil gá práinneach leanúnach ann go laghdóidh RTÉ a n-easnamh agus, nuair a chuirtear seo san áireamh, níor moladh laghdú ar chistiú poiblí.

TG4

I dtaca le TG4, dheimhnigh an t-athbhreithniú gur bhain an stáisiún amach na gealltanais go príomha a leagadh amach le haghaidh 2013. Níor baineadh spriocanna amach, áfach, i líon príomhlimistéar, lena n-áirítear ábhar na gclár nua Gaeilge, cistiú a bhaint amach le haghaidh na hearnála neamhspleáiche léiriúcháin agus bearta a bhain leis an lucht féachana. Ba mhórfhorbairt an laghdú a bhí tagtha ar fhreastal agus cion margaidh na seirbhíse in 2013. Tugadh laghduithe faoi deara sa chostas in aghaidh na huaire, agus coimeádadh an costas in aghaidh huaire breathnóra. Tugadh faoi deara, chomh maith, go raibh méaduithe tagtha ar an líon foireann chruthaitheach lenar thacaigh TG4, ar an gcaiteachas ar chláir choimisiúnaithe, ar chostais oibriúcháin agus ioncam tráchtála.

Beartaíodh go ndéanfaí breithniú ar ról TG4 agus ar impleachtaí an laghdaithe ina gcion margaidh i gcomhthéacs níos fairsinge beartais. I measc na moltaí breise, moladh gur cheart do TG4 dul i ngleic le scóip, cainníocht agus intomhaisteacht a ngealltanas i gcomhthéacs próiseas amach anseo agus gur cheart go mbeadh spriocanna á leagan amach le haghaidh torthaí lena mbaineann tábhacht straitéiseach do TG4 i gceist le próisis um leagan amach gealltanas amach anseo. I dtaobh aon choigeartú ar chistiú poiblí, bhí an tÚdarás ar aon intinn le moladh Indecon nár cheart go mbeadh aon laghdú ar chistiú poiblí ag an tráth seo.

Measúnuithe ar Thionchar Earnála

Faoina sainchúram, soláthraíonn an BAI comhairle ar an Aire maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí. Ina leith sin, fuarthas iarratas ón Aire chun tabhairt faoi mheasúnú tionchair earnála (SIA) faoi Alt 103 den Acht i mBealtaine 2013. Bhain an SIA le hathrú a bheartaítear a dhéanamh ar sceideal RTÉ2. D'iarr an tAire, chomh maith, go dtabharfaidh an BAI faoi mheasúnú ar luach poiblí an athraithe a bheartaítear. Tugadh an SIA agus an measúnú ar Luach Poiblí chun críche laistigh den cheangal ama trí mhí a cheadaítear agus d'fhreagair an tÚdarás don Aire an 25 Iúil ar an dá cheist.

Comhlíonadh

Beartas Comhlíonta agus Forfheidhmithe

De bhreis ar Alt 51(5) agus 54(8) den Acht Craolacháin, tugadh faoi obair shuntasach i gcaitheamh na bliana chun Beartas nua Comhlíonta agus Forfheidhmithe a fhorbairt.

Ba phríomhábhar an Údaráis ná a chinntiú, i bhforbairt an bheartais, go raibh cur chuige comhsheasmhach agus trédhearcach ann i leith ghníomhaíochtaí comhlíonta an BAI a leagfadh an fhreagracht ar chraoltóirí agus conraitheoirí maidir lena ndualgais reachtúla agus chonarthacha agus aird ar leas breathnóirí agus éisteoirí. I measc na mbunchúraimí eile, bhí:

- a bheith in ann pleanáil agus oibriú éifeachtach ghníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe an BAI a éascú;
- a chinntiú go mbailítear agus go dtuairiscítear an fhaisnéis ábhartha agus chruinn chomhlíonta, d'fhonn cabhrú leis an BAI ina ról rialála;
- beartas a thabhairt isteach a spreagfadh cultúr comhlíonta agus a chuirfeadh an cultúr sin chun cinn. Ina leith seo, bhí sé ina thábhacht don Údarás go gcabhrófaí le craoltóirí agus conraitheoirí agus tuiscint á fáil acu ar chur chuige an BAI i leith a bhfeidhmeanna reachtúla a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú;
- thacófaí le limistéir ghníomhaíochta eile an BAI, ar nós ceadúnú agus forbairt cód agus rialacha, trína chinntiú go dtugtar faoin obair maidir le forfheidhmiú agus comhlíonadh;

D'fhaomh an tÚdarás an beartas críochnaithe anuas ar réimse nósanna imeachta agus próiseas maidir leis na forálacha forfheidhmithe a leagtar amach sa reachtaíocht. Bhí an obair seo le críochnú go luath san Athbhliain agus bhíothas ag súil le foilsiú agus scaipeadh an Bheartais Chomhlíonta agus Forfheidhmithe agus nósanna imeachta gaolmhara do chraoltóirí agus conraitheoirí craolacháin sa chéad leath de 2014. Tá sé ar intinn ag an Údarás go soláthróidh an Beartas, a luaithe a sheoltar é, creatlach le haghaidh na gníomhaíochta uile comhlíonta i measc craoltóirí agus conraitheoirí agus go ndéanfaidh sé bainistiú soiléir ar an méid a bhfuiltear ag súil leis maidir le conas a bheartaíonn an BAI chun oibriú maidir le ceisteanna comhlíonta agus forfheidhmithe.

Plean Comhlíonta

Ar aon dul le gníomhaíocht chomhlíonta in 2012, lean an plean comhlíonta in 2013 le tacú go príomha le hobair an Choiste um Dheonú Conarthaí in athcheadúnú 24 seirbhís raidió áitiúil tráchtála.

Thug foireann an BAI faoi mhonatóireacht ar aschur craolta le haghaidh 38 seirbhís raidió agus teilifíse in 2013 chun an leibhéal comhlíonta a mheasúnú i leith cóid agus rialacha reachtúla. Mar chuid den phróiseas seo, bhí measúnú i gceist ar ábhar gealltanas, faoi mar a leagann craoltóirí amach, ina gconarthaí.

Anuas air sin, thug an BAI faoi athbhreithnithe níos fairsinge feidhmíochta le haghaidh 34 craoltóir. Chaith na hathbhreithnithe feidhmíochta seo súil ar gach gné de chonarthaí craoltóra leis an BAI, lena n-áirítear úinéireacht agus rialú, bainistíocht agus soláthar foirne, feidhmíocht airgeadais, i measc cinn eile. I gcás na seirbhísí siúd atá faoi réir athcheadúnú, chuir torthaí na n-athbhreithnithe monatóireachta agus feidhmíochta faisnéis ar fáil do na Tuarascálacha Cuntas Teiste Comhlíonta a chuir an Coiste um Chomhlíonadh i dtoll a chéile agus a soláthraíodh don Choiste um Dheonú Conarthaí de bhreis ar cheanglais an Achta Craolacháin, 2009.

Bhain ceann de na treochtaí a tháinig chun cinn ó ghníomhaíocht chomhlíonta in 2013 le ceisteanna comhlíonta maidir leis an gCód Cumarsáid Ghinearálta Tráchtála, go háirithe, an líon cásanna um neamhchomhlíonadh na bhforálacha a bhaineann le hurraíocht i measc craoltóirí. Ba cheist í seo ar chomhaontaigh an Coiste um Chomhlíonadh uirthi go dteastódh breis díriú uaithi, i gcomhthéacs phlean oibre trí bliana an BAI le haghaidh 2014-2016.

Rialacha Rochtana 2013

Ceanglaíonn an tAcht Craolacháin, 2009 nach mór do chraoltóirí bearta a ghlacadh lena chinntiú go mbíonn rochtain ag daoine atá bodhar, daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu, daoine nach bhfuil ach radharc páirteach na súl acu nó atá dall, ar chláir a tharchuirtear ar a seirbhís. Ceanglaíonn Rialacha Rochtana an BAI ar chraoltóirí chun na spriocanna a bhaint amach le haghaidh fotheidealú, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí agus a seirbhísí rochtana a chur chun cinn. Tá ceanglais bhreise ar RTÉ 1 agus RTÉ 2 chun spriocanna a bhaint amach le haghaidh Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus reacaireacht agus fotheidealú cláir do leanaí.

Ba í 2013 an chéad bhliain iomlán ó leasaíodh na Rialacha Rochtana in 2012. Dheimhnigh athbhreithniú an BAI ar fheidhmíocht i leith na spriocanna, go ginearálta, gur tháinig méadú suntasach ar an leibhéal d'fhotheidealú a soláthraíodh sa tseirbhís phoiblí agus i measc craoltóirí tráchtála, agus bhain an chuid ba mhó de na craoltóirí a spriocanna amach nó sháraigh siad iad. Tá saincheisteanna fós ann, áfach, faoi cháilíocht agus iontaofacht na bhfotheideal, go háirithe fotheidil bheo. Táthar ag dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, áfach, trí fheabhsúcháin ar an teicneolaíocht agus athruithe ar chleachtais oibre chun níos mó ama a thabhairt dóibh siúd a bhíonn i mbun fotheidealú chun súil a chaitheamh ar mhíreanna atá le craoladh roimh ré.

Sháraigh RTÉ na spriocanna a leagadh amach sna Rialacha. Cé go mbaineann fotheidealú neamhbheo cáilíocht an-ard amach, tá saincheisteanna fós ann maidir le fotheidealú beo. Bhain RTÉ a sprioc amach le haghaidh Theanga Chomharthaíochta na hÉireann in 2013 tar éis gur tugadh trí huaire an chloig de chláir ISL isteach i nDeireadh Fómhair anuas ar na seirbhísí reatha. Cé nár bhain RTÉ a sprioc amach le haghaidh reacaireachta in 2013, dheimhnigh an t-athbhreithniú go mbeidh trealamh á chur i bhfeidhm acu chun soláthar reacaireachta a éascú faoi lár 2014.

Cuireann TV3 agus 3e fotheidealú beo ar fáil anois i measc mórchuid dá sceidil i rith an lae agus mhéadaigh seo go mór a leibhéal fotheidealaithe. Cé gur fháiltigh Grúpaí Úsáideora roimh thús áite a thabhairt d'fhotheidealú clár a bhaineann le TV3 amháin, thug an t-aiseolas le fios go bhfuil méid mór foghlama i gceist i dtaobh fotheidealú beo. Leanann Setanta Ireland lena spriocréimse de sholáthar fotheidealaithe a bhaint amach.

Cé nár bhain TG4 ach an bun íochtarach amach dá spriocréimse, leanann siad le fotheidealú beo a sholáthar de spórt beo, agus is seirbhís uathúil seo i measc na gcraoltóirí Éireannacha.

Rinne gach seirbhís teilifís phobail; DCTV i mBaile Átha Cliath, CCTV i gCorcaigh agus P5tv san Uaimh; a spriocanna fotheidealaithe a shárú in 2013.

Cé gur chas nach mór gach craoltóir le Grúpaí Úsáideoirí le linn na bliana, bhí sé dúshlánach do roinnt craoltóirí casadh le Grúpaí Úsáideoirí ina gceantar. Déanfaidh Painéal Comhairliúcháin Úsáideoirí breithniú ar an tsaincheist seo, i gcomhar leis an BAI i gcaitheamh 2014.

Déanfar athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana in 2014, d'fhonn Rialacha leasaithe a bheith i bhfeidhm sa leath deireanach de 2014.

Craoltóir	Sprioc Fotheidealaithe 2013	Céatadán Iarbhír Fotheidealaithe 2013
RTÉ 1	80 – 85%	87%
RTÉ 2	56 – 62%	63%
TV3	41 – 45%	45%
TG4	40 – 46%	40%
3e	13 – 17%	9%
Setanta Ireland	7 – 9%	8%
DCTV	2%	9%
CCTV	2%	6%
P5tv	2%	34%
Craoltóir	**Sprioc Reacaireachta 2013**	**Céatadán Iarbhír 2013**
RTÉ	1.25%	0%
Craoltóir	**Sprioc Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2013**	**Céatadán Iarbhír 2013**
RTÉ	1.25%	1.8%

Cuairteanna agus Cigireachtaí ar an Láthair

De réir coinníollacha a leagadh amach ina gconarthaí, tá dualgas ar gach craoltóir ceadúnaithe cloí le ceanglais theicniúla. I rith 2013, tugadh 134 cuairt ar an láthair agus chomhlíon gach conraitheoir seachas triúr na sonraíochtaí riachtanacha. Astu siúd nár chomhlíon na sonraíochtaí riachtanacha, sháraigh beirt chonraitheoirí cumhacht a gceadúnais agus sháraigh ceann amháin na teorainneacha ar leithead banda agus claonta.

Athrúcháin Chonarthacha

Athrúcháin ar Chonarthaí

Seolann craoltóirí atá ceadúnaithe ag BAI iarratais chuig an Údarás i rith na bliana go ndéanfar a gconarthaí a mhionathrú. Is éard a bhíonn i gceist leo seo ná idir ghnéithe de ráiteas beartais chlár an stáisiúin a athrú agus athruithe ar an struchtúr foirne agus páirtithe leasmhara. In 2013, fuarthas breis agus seasca iarratas ar athrúcháin conarthaí. Rinneadh an chuid ba mhó díobh seo ar mhaithe le mionathruithe mar gheall go raibh go leor de na conraitheoirí ag glacadh páirte i bpróisis athnuachana ceadúnais. Ina measc siúd a breithníodh agus a faomhadh, bhí:

- Beat FM – aistriú scaireanna a bhí á gcoimeád ag Thomas Crosbie go dtí Sappho Ltd.,
- FM104 agus Spin South West – maolú ó cheanglais reachtúla nuachta agus chúrsaí reatha.
- Spin 1038/Spin South West – acmhainn an POF a chomhroinnt ar fud Spin1038 agus Spin South West.

Deonú Conartha

Anuas ar an obair shuntasach atá déanta ag an gCoiste um Dheonú Conarthaí maidir le cur i bhfeidhm phlean ceadúnaithe an BAI, 2012-2013, bhí an Coiste freagrach, chomh maith, as ceadúnú conarthaí sealadacha craolacháin agus conarthaí um sholáthar ábhair. I gcaitheamh na bliana, mhol an Coiste go n-iontrálfadh an tÚdarás isteach in 17 gconradh shealadacha craolachán fuaime agus rinne an tÚdarás na moltaí seo a dhaingniú. I measc na seirbhísí a moladh, bhí líon de sheirbhísí raidió meánscoile agus tríú leibhéal, Christmas FM agus dhá sheirbhís phíolótacha raidió pobail, ar oibrigh gach ceann díobh ar cheadúnas 100 lá, amhail a cheanglaítear faoin Acht.

Ar a bharr sin, mhol an Coiste go n-iontrálfadh an tÚdarás i gconradh amháin soláthair ábhair, de bhreis ar Alt 71 den Acht. Bronnadh an conradh seo chun oibreoir a éascú a ghlacann páirt i dtriall DAB RTÉ.

FOGHLAIM AGUS FORBAIRT A ÉASCÚ SAN EARNÁIL CHRAOLACHÁIN

Is í sprioc straitéiseach an BAI maidir le foghlaim agus forbairt san earnáil chraolacháin ná oibriú leis an tionscal chun feabhas a chur ar a gcumas. Trí idirchaidreamh straitéiseach le craoltóirí agus cur chuige comhpháirtíochta, lorg an BAI, thar shaolré a straitéise reatha, chun cabhrú le riachtanais forbartha a bhunú agus straitéisí a ghlacadh chun tacú leis an earnáil chraolacháin lena ról marthanach a chinntiú laistigh de thimpeallacht níos fairsinge na meán.

Gníomhaíochtaí Cistithe agus Forbartha

Soláthraíonn Beartas Foghlama agus Forbartha Earnála an BAI, a seoladh in 2012, an chreatlach lena chur ar chumas an BAI chun borradh leanúnach na hearnála a phleanáil, chun tacú leis, é a thomhas agus é a mheasúnú, ó pheirspictíocht straitéiseach. Cuireann Ráiteas Straitéise an BAI, 2011-2013 agus Alt 26(2)(e) den Acht Craolacháin, 2009 faisnéis ar fáil don Bheartas seo, a cheanglaíonn ar an BAI chun *"comhoibriú le comhlachtaí eile, lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíocha laistigh den earnáil chraolacháin, chun gníomhaíochtaí oiliúna a chur chun cinn i limistéir easnaimh scileanna san earnáil chraolacháin"*. Tríd an gcistiú a dhéanann siad ar líonraí tionscail, éascaíonn an BAI gníomhaíochtaí sonracha oiliúna agus forbartha a sholáthar ag na líonraí éagsúla dá gcomhaltaí. Anuas air sin, cinntíonn an próiseas trína gcuireann an BAI deontais ar fáil do líonraí an tionscail ar bhonn bliantúil go bhfuil ardmhéid freagrachta ag teastáil ó gach líonra maidir leis an mbealach a úsáideadh an cistiú a cuireadh ar fáil.

B'ionann leithdháileadh an bhuiséid le haghaidh forbairt earnála in 2013 agus €342,000. Leithdháileadh é faoin mbeartas i dtreo sé chroílimistéar seachadta don earnáil chraolacháin in 2013. Leithdháileadh €270,000 de seo go sonrach ar líonraí tacaíochta ar nós CRAOL (líonra na gcraoltóirí pobail), Learning Waves, Cumann na Teilifíse Pobail (CTA), Cumann Léiritheoirí Neamhspleácha Raidió na hÉireann (AIRPI), Media Desk Ireland agus Léiritheoirí Scáileáin Éireann (SPI), i measc cinn eile.

CRAOL (Fóram Raidió Pobail)

Leithdháileadh Cistithe €129,000

Thacaigh an cistiú a soláthraíodh do CRAOL le réimse fairsing gníomhaíochtaí in 2013, ina measc:

- Eagrú cúrsaí creidiúnaithe, ceardlanna agus seisiúin oiliúna do bhainisteoirí, oibrithe deonacha, oiliúnóirí agus comhaltaí boird bunaithe ar anailís riachtanais scileanna;
- Cúrsa QQI/FETAC agus um Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil arna sholáthar agus forbairt de láimh/mheasúnaithe;
- De bhreis air sin, bhí Féile Bhliantúil 2013 ar siúl i mBaile Átha Cliath le haghaidh gach stáisiún ceadúnaithe raidió pobail agus d'fhreastail grúpaí uaillmhianacha pobail ar an imeacht, chomh maith;
- Bhí líon tacaíochtaí ag CRAOL le haghaidh oiliúint earnála agus tionscnaimh chomhlíonta i bhfeidhm go háirithe, Líne Chabhrach CRAOL a chuireann tacaíocht ar fáil do chomhaltaí agus grúpaí uaillmhianacha ar shaincheisteanna ar nós cáilíochta agus rialachais.

Learning Waves (soláthróir oiliúna le haghaidh na hearnála neamhspleáiche raidió)

Leithdháileadh Cistithe: €42,420

I measc na ngníomhaíochtaí faoinar thug Learning Waves, le cúnamh ó thacaíocht chistithe an BAI, bhí:

- Seisiúin chóitseála agus mheantóireachta duine ar dhuine curtha ar fáil do láithreoirí roinnt clár laistigh de stáisiúin;
- Oiliúint shonrach ar chumas um bainistíocht foirgnimh i stáisiúin;
- Ceardlann 'na nInnealtóirí Léiriúcháin', a sholáthair fóram do dhaoine le hoibriú air agus le smaointí a roinnt, anuas ar dhul i ngleic le roinnt de na dúshláin atá roimh an bhfoireann léiriúcháin faoi láthair;
- Cuairteanna ar an láthair le foireann chláir bhricfeasta chun athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar, struchtúr agus forbairtí cláir amach anseo;
- Comhdháil Learning Waves, a bhí ar siúl i nDeireadh Fómhair 2013;
- Ceardlann um Ábhar Cruthaitheach Cláir; Dearadh seo go sonrach le haghaidh riachtanais chomhaltaí, agus rinne an ghníomhaíocht seo athbhreithniú ar chláir stáisiún, láithreacht ar an aer agus íomhá an stáisiúin.



Cumann na Teilifíse Pobail (CTA)

Leithdháileadh Cistithe: €32,000

Rinne an t-airgead a leithdháileadh na himeachtaí agus gníomhaíochtaí a leanas a chistiú:

- Óstáil féile le haghaidh Teilifís Phobail in Éirinn;
- D'fhreastail balleagraíochtaí an CTA ar chomhdháil teilifís phobail 3 lá i bPoblacht na Seice;
- Glacadh páirt i réimse de cheardlanna/seimineáir mhalartaithe faisnéise a dhéileálann leis an óige i dteilifís phobail; ardáin agus saincheisteanna teicniúla; agus, an reachtaíocht agus an rialáil ar fud an AE;
- Soláthraíodh trí ghné theicniúla a chuaigh i ngleic le riachtanais chainéal i roinnt ábhair lena dtarchur ar chainéil iolracha teilifís phobail.

Cumann Léiritheoirí Neamhspleácha Raidió na hÉireann (AIRPI)

Leithdháileadh Cistithe: €20,000

- D'óstáil an AIRPI cúrsa a sholáthair an léiritheoir idirnáisiúnta raidió (Jens Jarisch) a chuaigh i ngleic le scileanna éagsúla teicniúla; rinneadh scrúdú ar stíleanna éagsúla inste scéalta; agus, modhanna chun píosa a struchtúrú chun feabhas a chur ar an idirchaidreamh leis an éisteoir.
- Bhí imeachtaí breise oiliúna ar bun le haghaidh chomhaltaí an AIRPI a chuimsigh ábhair ar nós dul chun cinn teicneolaíochta sa tionscal, léiriúchán raidió agus oiliúint gutha.

Media Desk Ireland

Leithdháileadh Cistithe: €12,000

D'óstáil Media Desk Ireland na gníomhaíochtaí agus na h-imeachtaí seo a leanas:

- Bhí Media Desk Ireland mar chomhpháirtí le Féile Scannán an Daingin, a dhírigh ar an tionscal Beochana.
- Cuireadh 'an tEolaire Dráma – Treoir maidir le Coimisinéirí agus Ceannaitheoirí Dráma Teilifíse Eorpacha' ('Drama Directory - a Guide to European TV Drama Commissioners and Buyers') i dtoll a chéile in 2011 agus rinneadh nuashonruithe leanúnacha air in 2012 agus 2013.

Léiritheoirí Scáileáin Éireann ('Screen Producers Ireland') (SPI)

Leithdháileadh Cistithe €15,000

Chuir an SPI líon seimineár ar fáil dá mballraíocht. Ina measc seo bhí ceardlanna ó phiaraí go piaraí ar ábhair roghnaithe, lena n-áirítear scannán faisnéis a dhéanamh, faisnéis ar leibhéal na hiontrála le haghaidh léiritheoirí ar bheagán taithí agus cleachtais oibre maidir le beartas um chosaint leanaí.

Scéim Chistithe Taighde ar na Meáin 2013

Aithníonn an BAI an tábhacht a bhaineann le taighde chun gach gné dá n-obair a threorú agus a phleanáil. Tríd an taighde faoina dtugann siad, tá sé mar chuspóir an BAI chun faisnéis a sholáthar ar an díospóireacht ar cheisteanna a bhaineann le craolachán, d'fhonn cinntí feasacha, fianaise-bhunaithe a dhéanamh. I measc chuspóirí na Scéime, tá naisc a fhorbairt agus a choimeád idir an BAI, institiúidí tríú leibhéal agus an earnáil chraolacháin; tionscnaimh ardchaighdeáin taighde a chur chun cinn a éascóidh an BAI chun freastal ar riachtanais bhreathnóirí agus éisteoirí in Éirinn.

In Eanáir 2013, thug Comhaltaí an Údaráis le fios an tábhacht a bhaineann leis an nasc idir oideachas agus institiúidí agus comhlachtaí eile a threisiú trí Scéim Chistithe Taighde ar na Meáin de chuid an BAI (MRFS). Is é cuspóir na Scéime seo chun cistiú a sholáthar le haghaidh taighde a bhaineann leis na meáin, faoina dtugann an lucht léinn agus/nó eagraíochtaí agus a bhaineann le hábhair reatha agus ábhartha i dtaca leis an tionscal craolacháin.

D'fhaomh na comhaltaí cistiú €25,000 chun a leithéid de Scéim a oibriú a seoladh an 30 Iúil 2013. Fuair an Fheidhmeannacht 15 iarratas ar an iomlán faoi spriocdháta Mheán Fómhair, agus iarradh ar chistiú iomlán €210,423. Rinne dhá thionscadal, a chuir Comhairle Náisiúnta na mBan agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath isteach, tograí comhlíontacha a chur i láthair maidir le mná sa chraolachán. Chuaigh an BAI i dteagmháil leis an mbeirt iarratasóirí chun an fhéidearthacht a fhiosrú chun an dá thogra a chónascadh isteach i dtionscadal amháin. Baineadh torthaí dearfacha as an bplé seo agus cuireadh conradh le haghaidh an taighde i dtoll a chéile faoi dheireadh na bliana, agus bhí sé ar intinn tabhairt faoin taighde i gcaitheamh 2014.

Litearthacht sna Meáin

Thacaigh an BAI le líon gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin in 2013, ina measc, seimineár a d'eagraigh Cumann na Teilifíse Pobail (CTA) le haghaidh rannpháirtithe na meán pobail agus imeacht a d'eagraigh Media Desk Ireland ar bhorradh an bhreathnóra agus an éisteora mar rannpháirtí cláir ar fud na meán sóisialta. Anuas air sin, sholáthair an BAI tacaíocht chistithe in 2012 d'Institiúid Scannán na hÉireann chun tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar nósanna imeachta úsáide na meán i measc daoine 12 agus 13 bliana d'aois ar fud na tíre. Seoladh an tuarascáil seo go luath i Nollaig 2013.

CRAOLACHÁN FREAGRÚIL A CHUR CHUN CINN AGUS AN LUCHT ÉISTEACHTA FÉACHANA A CHUMASÚ

Tá an BAI agus craoltóirí Éireannacha freagrach as a chinntiú gur féidir leo cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur i gcothroime leis an ngá le luchtanna féachana a chosaint ó ábhar míchuí agus ionsaitheach. Croíchuid is é seo d'obair an BAI agus chuige sin, coimeádann an BAI na cóid agus rialacha craolacháin faoi athbhreithniú, agus lorgaíonn siad, trí na próisis athbhreithnithe sin, chun súil a bheith acu le agus soláthar a dhéanamh do riachtanais agus athruithe an lucht féachana sa timpeallacht chraolacháin.

Na Treoirlínte maidir le Toghcháin agus Reifrinn

I rith 2013, eisíodh Treoirlínte do chraoltóirí roimh reifrinn an tSeanaid agus na Cúirte Achomhairc. Déantar foráil do na Treoirlínte faoi riail 27 den Chód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha an BAI agus tá comhairle iontu ar an gcur chuige atá le glacadh chun na reifrinn a clúdach. Áirítear leo, chomh maith, líon ceanglas nach mór do chraoltóirí comhlíonadh, anuas ar fhorálacha an Chóid.

Téann na Treoirlínte seo i ngleic le breithniúcháin ar nós ról agus freagracht phearsanra craolacháin, rannpháirtíocht an lucht féachana, pobalbhreitheanna agus leithdháileadh am craolta. Níos ginearálta ná sin, spreagann na Treoirlínte craoltóirí chun feachtais reifrinn a chlúdach chomh cuimsitheach agus is féidir agus chun an réimse is fairsinge de thuairimí a lorg ó thús na díospóireachta poiblí. Ina theannta sin, ceanglaíonn na Treoirlínte go gcomhlíontar moratóir ar chlúdach na reifreann.

Cóid Ghinearálta Tráchtála agus Chumarsáid Leanaí

Tar éis comhairliúchán fairsing poiblí a dhéanamh, lena n-áirítear ionchur ó shaineolaithe éagsúla, rinneadh an Cód Cumarsáid Leanaí agus an Cód Ginearálta Cumarsáid Tráchtála a leasú agus a fhoilsiú i Meitheamh 2013. Thit athbhreithnithe ar na Cóid amach chun rialacha nua a thabhairt isteach a bhaineann le bia

ina bhfuil go leor saille, salainn, siúcra (bianna HFSS) a chur chun cinn ar an raidió agus ar an teilifís atá dírithe ar leanaí. Go háirithe, cuireann na Cóid nua cosc ar chur chun cinn na mbianna seo i gcláir leanaí agus tugann siad srianta isteach ar ábhar fógraí le haghaidh na mbianna seo lasmuigh de chláir leanaí. Mar shampla, faoi chúinsí áirithe, ní féidir leis na fógraí sin cúrsaí sláinte agus cothaithe a mhaíomh le haghaidh bianna HFSS nó daoine móra le rá a úsáid chun iad a chur chun cinn. Úsáideann na rialacha nua Samhail Phróifílithe Cothaithigh lena dheimhniú cén bianna atá níos sláintiúla agus ar féidir iad a chur chun cinn i measc leanaí agus cén bianna nach bhfuil chomh sláintiúil céanna agus a gcuireann na Cóid nua cosc nó srian orthu.

An Scéim Ceart Freagartha

D'fhorbair an BAI an Scéim Ceart Freagartha, faoi reacht, ag an BAI in 2011 chun foráil a dhéanamh d'fhíricí nó faisnéis mhícheart a cheartú a craoladh faoi dhuine, sa chás gur bhain dearbhú na bhfíricí nó na faisnéise míchirte sin d'onóir nó de cháil an duine sin.

Baineann Ceart Freagartha go hiomlán le fíricí nó faisnéis mhícheart a cheartú; ní dhéanann sé foráil do rogha eile nó chontrártha a sholáthar. I bhfriotal eile, d'fhéadfadh nach mbeadh duine sásta leis an mbealach a leaschraol craoltóir faisnéis faoi/fúithi, ach ní dheonófar Ceart Freagartha mura bhfuil na fíricí nó an fhaisnéis mícheart i dtaobh fíricí de an méid sin gur baineadh d'onóir nó den cháil a bhí ar an duine sin.

Ní bhfuarthas aon iarratas ar cheart freagartha faoin scéim seo in 2013. Tá athbhreithniú reachtúil na Scéime le bheith ar siúl in 2014.

Cód Caighdeáin Chláir: Athbhreithniú Reachtúil

"Tá Éire i mbun athrú; ní hionann caighdeáin chraolacháin agus rudaí neamhchasta; agus is é is tábhachtaí do bhreathnóirí agus éisteoirí ná meas a léiriú ar an duine aonair agus ar ghrúpaí sa tsochaí". Ba iad seo príomhthorthaí an taighde nua ar mheonta poiblí maidir le caighdeáin chláir sna meáin chraolta. Thacaigh an taighde, faoinar thug IpsosMRBI thar ceann an BAI, le hathbhreithniú reachtúil Chód Chaighdeáin na gClár. Téann an Cód i ngleic le coincheapa an bhreithiúnais, an chuibhis, na díobhála agus an mhaslaithe maidir le craolachán raidió agus teilifíse.

Rinne an tÚdarás comhaontú ar chur chuige céimnithe ar athbhreithniú an Chóid in Iúil 2013 agus faoi dheireadh na bliana, críochnaíodh dhá cheann de na cúig chéim a beartaíodh. Is éard a bhí i gceist leo seo, athbhreithniú dlíthiúil ar chur chuige rialála i leith díobhála agus maslú i ndlínsí eile, agus suirbhé náisiúnta ar dhearcadh a lorg chun an dearcadh a dheimhniú i measc mhuintir an phobail maidir le saincheisteanna díobhála agus maslaithe. Bhí súil leis go gcuirfí torthaí an dá chéime seo, mar aon le tograí le haghaidh leasuithe ar an gCód, faoi bhráid an Údaráis go luath in 2014.

Seirbhísí Closamhairc ar Éileamh

Áirítear le seirbhísí closamhairc ar éileamh seirbhísí ar nós Sheinnteoir RTÉ ('RTÉ Player'), seirbhís athdheise TV3, seirbhís Beo TG4, mar aon le saghsanna eile d'ábhar a sholáthraíonn seirbhísí soghluaiste agus teileachumarsáide eile. In Éirinn, déanann an Grúpa Seirbhísí Closamhairc ar Éileamh (ODAS) na seirbhísí seo a fhéinrialáil. Is éard atá i mballraíocht an Ghrúpa ná craoltóirí, cuideachtaí teileachumarsáide, comhlachtaí ionadaíocha an tionscail fógraíochta agus soláthróirí seirbhíse eile ar éileamh. Ceanglaíonn reachtaíocht na hÉireann go bhfaomhann an BAI Cód Iompair an Ghrúpa agus rinneadh seo in 2010. Leagtar amach sa Chód Iompair na híoschaighdeáin a theastaíonn ó sholáthróirí ODAS; déanann sé soláthar do mheicníocht ghearán le haghaidh saoránaigh; agus, comhlíonann sé treoracha Eorpacha.

Mar chuid den Chód Iompair féinrialála a bhaineann le cumarsáid tráchtála agus ábhar eagarthóireachta a shonraítear i measc na seirbhísí seo, shínigh an Coiste um Chomhlíonadh an BAI Meabhrán Comhaontaithe go bhfreastalódh an Coiste mar chúlchomhlacht atreoraithe le haghaidh gearán a bhaineann le hábhar eagarthóireachta. Rinneadh an Meabhrán a athnuachan in 2013 tar éis moladh a fháil ón gCoiste go nuashonrófaí an Cód Iompair lena chinntiú gur féidir le saoránaigh gearán a dhéanamh faoi ábhar eagarthóireachta a measann siad nach bhfuil cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht ann nó a sháraíonn príobháideachas. De bhun an mholta seo, nuashonraigh grúpa an ODAS a gCód Iompair a cuireadh ar aghaidh lena fhaomhadh ag an BAI sa dara leath de 2013.

Athbhreithniú ar an bPróiseas um Láimhseáil Gearán

Rinne an Coiste um Chomhlíonadh athbhreithniú ar an bpróiseas láimhseála gearán agus déanfar athruithe ar an bpróiseas a bhreithniú agus a thabhairt isteach in 2014.

An Próiseas Gearán

Tá de cheart ag daoine ábhar craolacháin a cháineadh agus chun cur i leith aschuir chraolacháin trí aiseolas a sholáthar go díreach do chraoltóirí agus trí phróiseas gearán an BAI.

I rith 2013, rinneadh breithniú ar 113 gearán, ar an iomlán. Bhain an tromlach díobh le saincheisteanna a bhí faoin gCód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta (86), agus rinneadh breithniú ar 22 gearán faoi Cód Chaighdeáin na gClár As na 113 gearán a fuarthas, bhí 30 díobh fós ar bun ag deireadh na bliana; déileáladh le 16 cinn trí fhreagairt leordhóthanach a sholáthair an craoltóir agus réitigh an Coiste um Chomhlíonadh nó an Fheidhmeannacht 56 ceann.

Gearáin a cláraíodh in 2013	**113**
Gearáin a tugadh anonn ó 2012 a tugadh chun críche in 2013 (nach n-áirítear sna hiomláin thíos)	
Neamhbhailí	4
Diúltaithe ag an CC	14
Réitithe	9
Réitithe ag an ECF	6
Sheas an CC leis	7
Sheas an CC leis go páirteach	4
Iomlán	**44**

Gearáin de réir Catagóire	
Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha	86
An GCCC	3
Dlí agus Ord	1
COPS	23
Iomlán	**113**

Gearáin de réir Torthaí	
Dátaí neamhbhailí craolta	1
Diúltaithe ag an CC	55
Réitithe	20
Réitithe ag an CC	1
Réitithe ag an ECF	22
Seasadh leis	6
Seasadh leis go páirteach	4
Aistarraingthe (neamhainmníocht)	2
Aistarraingthe ag an ngearánaí	1
Ar bun go fóill	1
Iomlán	**113**
Gearáin a ndearna an Coiste Comhlíonta breithniú orthu	66

RIALACHAS AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

Teastaíonn ó struchtúr an BAI go n-oibríonn an eagraíocht go héifeachtúil agus go héifeachtach le cloí a chinntiú agus lena chinntiú go bhfuil sé ar chumas acu tabhairt faoi na spriocanna straitéiseacha a bhaineann le lúfaireacht, éifeachtacht, gairmiúlacht agus foghlaim.

Feidhmiú an Údaráis agus Coistí Reachtúla

Bhí líon cruinnithe de Chathaoirligh an Údaráis, an Coiste Bronnta Conarthaí agus an Coiste Comhlíonta ar bun i rith na bliana chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn spriocanna straitéiseacha agus plean oibre an BAI; feidhmiú an Údaráis agus coistí agus ceisteanna eile rialachais chorparáidigh. Gné mhórshuntais in 2013 ba ea an t-idirchaidreamh idir an tÚdarás agus Coistí maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Ceadúnaithe, agus aird ar na freagrachtaí éagsúla reachtúla atá orthu.

Chinntigh an BAI, chomh maith leis sin, gur cuireadh ar aghaidh gach dualgas rialachais reachtúil agus Cód Cleachtais, tuairisciú airgeadais agus meastacháin trí bliana a sheoladh ar aghaidh san áireamh, faoi mar a ceanglaíodh i Meán Fómhair 2013

An Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (AIR)

Bhunaigh an tÚdarás an Coiste AIR in 2010. Tá réimse freagrachtaí agus dualgais ar an gcoiste, faoi mar a shonraítear ina dTéarmaí Tagartha. Baineann na dualgais seo leis an méid a leanas: córais rialaithe inmheánaigh, iniúchadh seachtrach agus inmheánach; freagrachtaí maidir le bainistíocht riosca; agus, freagrachtaí maidir le rialú airgeadais. Ní dhearnadh aon tograí le haghaidh athruithe ar na Téarmaí Tagartha sa bhliain atá faoi chaibidil.

Tá ar an gcoiste AIR mionteagasc a thabhairt don Údarás nach lú ná ceithre huaire sa bhliain maidir lena ndualgais éagsúla agus déantar athbhreithniú ar a dtéarmaí tagartha ar bhonn bliantúil lena chinntiú go mbíonn siad reatha agus ábhartha i gcónaí. Chas an Coiste AIR ar a chéile 6 huaire i rith 2013 agus rinne siad breithniú ar réimse saincheisteanna, agus tugtar forbhreathnú ar seo thíos:

- **Feidhmeanna Airgeadais agus Iniúchta**: Comhlíonann an Coiste ról i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar chuntais mhíosúla bhainistíochta na heagraíochta agus maoirsiú ginearálta a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na heagraíochta. Déanann siad breithniú ar na ráitis neamhiniúchta agus iniúchta airgeadais agus ar ráitis leathbhliantúla Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin agus cuireann agus molann siad a nglacadh ar aghaidh don Údarás i ngach bliain. Cuimsíonn ról an AIR breithniú a dhéanamh ar mheastacháin trí bliana na heagraíochta, chomh maith, a fhaomhann an Coiste lena moladh don Údarás.

In 2013, rinne an AIR breithniú ar Ráitis Airgeadais 2012 an BAI agus an BF ag an gcruinniú a bhí acu i bhFeabhra agus mhol siad iad don Údarás lena bhfaomhadh. D'eisigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (A-R C+C) deimhnithe neamhcháilithe iniúchta maidir leis an dá shraith de ráitis airgeadais i nDeireadh Fómhair 2013. Anuas air sin, rinne an Coiste breithniú ar chuntais leathbhliantúla neamhiniúchta agus cuireadh iad faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, i gcomhréir le hAlt 13.2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ina theannta sin, déanann an Coiste maoirsiú ar phróisis inmheánacha iniúchta thar ceann na heagraíochta. Ag tús na bliana, rinne an Coiste breithniú ar thorthaí an iniúchta ar 'Sound & Vision', a críochnaíodh go déanach in 2012. Níor sainaithníodh aon saincheisteanna móra i dtorthaí an iniúchta. Thug Baker Tilly Ryan Glennon faoi thrí iniúchadh bhreise inmheánacha in 2013. Ba iad seo: an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm moltaí Iniúchta Inmheánaigh roimhe seo; Rialuithe Inmheánacha Airgeadais; agus, Acmhainní Daonna. Chríochnaigh agus bhreithnigh an Coiste dhá cheann de na hiniúchtaí ag deireadh na bliana, agus bhíothas le breithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta ar Acmhainní Daonna go luath in 2014. Chuimsigh an tuarascáil a bhain leis an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na moltaí iniúchta inmheánaigh roimhe seo trí iniúchadh déag inmheánacha. As na 58 moladh a d'eascair ó na hiniúchtaí seo, níor pléadh le líon beag díobh agus táthar le dul i ngleic leo in 2014. I dtaobh iniúchadh na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, d'eascair moladh amháin agus bhí seo curtha i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana;

- **Bainistíocht Chistíochta**: Déanann an Coiste AIR maoirsiú ar chur i bhfeidhm Bheartas Infheistíochta an BAI agus faigheann siad comhairle neamhspleách airgeadais ar infheistíocht chistí, ar aon dul leis an mBeartas. Go háirithe, infheistítear cistí craolacháin nach bhfuil leithdháilte go fóill, anuas ar chistí atá leithdháilte ach nach bhfuil tarraingthe anuas go fóill i réimse cuntas;

- **Riosca**: Oibríonn an BAI creatlach bhainistíochta riosca, a fheidhmíonn mar phríomhuirlis i bpleanáil oibre, leithdháileadh acmhainní, bainistíocht pháirtithe leasmhara agus dea-rialachas. Tar éis athbhreithniú suntasach a dhéanamh ar an gclár riosca go déanach in 2012, d'athbhreithnigh an Coiste an clár riosca ar bhonn leanúnach, anuas ar athbhreithniú oibríochtúil coicísiúil ar riosca ag Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Rinne an Coiste AIR an clár a nuashonrú agus a fhaomhadh go foirmiúil arís eile lena mholadh don Údarás i Samhain 2013;

- **Beartais agus Nósanna Imeachta**: Rinne an Coiste breithniú agus faomhadh ar Chód leasaithe Iompar Gnó don Údarás agus do Chomhaltaí agus d'Fhoireann an Choiste, a chuimsigh Beartas Sceithirí agus Beartas Frithbhreabaireachta an BAI. D'fhaomh an tÚdarás an Cód leasaithe agus na Beartais nua i Samhain 2013 agus d'fhoilsigh siad iad ar láithreán gréasáin an BAI i Nollaig na bliana céanna;

- **Athbhreithniú Tobhaigh**: Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thobhach an BAI, cuireadh tromlach na moltaí i bhfeidhm a d'eascair as. Cuirfear i bhfeidhm moladh chun Grúpa Idirchaidrimh Thobhaigh a bhunú i rith 2014;

- **An Coiste ar Chuntais Phoiblí**: Ina cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta na hEagraíochta, d'fhreastail Príomhfheidhmeannach an BAI ar Choiste an Oireachtais ar Chuntais Phoiblí chun freagairt do cheistiú ar Chiste Craolta agus ar Ráitis Airgeadais 2012 an BAI. Bhí Coiste an Oireachtais sásta gur chloígh an BAI go hiomlán lena ndualgais agus freagrachtaí maidir le bainistíocht an chiste agus airgeadas na heagraíochta go ginearálta.

Ráiteas Straitéise agus Pleanáil Oibre

Plean Oibre 2013

Ba phríomhghné an athbhreithnithe ar phlean oibre 2013, a ndearna an tÚdarás breithniú air ag deireadh na bliana, an líon tionscadal a tugadh chun críche go rathúil. Ina measc seo bhí ceithre cinn de na tosaíochtaí don bhliain – an t-athbhreithniú cúig bliana ar chistiú poiblí le haghaidh PSBanna; an t-athbhreithniú reachtúil ar an Scéim 'Sound & Vision II'; forbairt an Bheartais Chomhlíonta agus Forfheidhmithe (lena n-áirítear na próisis le haghaidh imscrúduithe, forfheidhmiú agus smachtbhannaí faoi Ailt 50 agus 53 den Acht) agus críochnú Ráiteas Straitéise 2014-2016 an BAI. Thug an tÚdarás faoi deara go bhfuil líon tionscadail eile, ina

measc, an Straitéis TF agus Modhanna agus samhlacha Straitéiseacha de Bhailiú agus Úsáid Sonraí agus Faisnéise, fadtéarmach i dtaobh cineáil de agus beidh na tionscadail seo faoi réir díriú athnuaite in 2014.

D'úsáid na limistéir oibríochtúla go leor acmhainní sa bhliain reatha, go háirithe i limistéar an cheadúnaithe. Bhain an méid a baineadh plean oibre 2013 amach le réalachas na pleanála oibre, táirgiúlacht níos mó agus tacaíocht ón bhfoireann, coinneáil na bpost seachfhoinsithe sa BAI agus solúbthacht leanúnach na maitríse de struchtúr eagraíochtúil ina n-úsáidtear acmhainní sna limistéir is mó ina dteastaíonn siad.

Ráiteas Straitéise 2014-2016

Tá dualgas ar an BAI tabhairt faoi ráiteas straitéise gach trí bhliain, mar aon le plean oibre gaolmhar a chur le chéile. I bhFeabhra 2013, chomhaontaigh an tÚdarás ar chur chuige i leith forbairt Ráiteas nua eagraíochtúil le haghaidh na tréimhse 2014 -2016, lenar áiríodh athbhreithniú ar thírdhreach na meán agus forbairtí ar an teicneolaíocht. Bhreithnigh agus d'fhaomh an tÚdarás dréachtstraitéis i Meitheamh agus d'fhormhuinigh an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an um Coiste um Chomhlíonadh í ina dhiaidh sin. Seoladh comhairliúchán poiblí i Lúnasa, le tacaíocht ón láithreán gréasáin www.baifuture.ie agus fuair an tÚdarás freagairtí agus rinne siad breithniú orthu i Samhain. D'fháiltigh an tÚdarás roimh fhormhuiniú ginearálta na dréacht-Straitéise i measc freagróirí, go háirithe an tacaíocht a léiríodh le tograí an BAI, go ndéanfaidís an méid a leanas:

- An lucht féachana a leagan ag lár a bpróiseas déanta cinntí;
- An BAI agus a straitéis a shuíomh go soiléir laistigh de thimpeallacht na meán atá ag teacht chun cinn;
- Trealamh níos fearr a thabhairt don lucht féachana chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpróiseas gearán;
- Níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun an t-ualach rialála a laghdú.

Tar éis fhaomhadh na straitéise deiridh ag deireadh na bliana, lean an eagraíocht ar aghaidh le plean oibre mionsonraithe trí-bliana a fhorbairt a bheadh ailínithe leis an Straitéis nua. Bhíothas ag súil leis go bhfoilseofaí an dá cháipéis sa chéad ráithe de 2014.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

In 2013, ceanglaíodh ar an BAI a gcéad Scéim Ghaeilge a réiteach, de bhreis ar Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Agus an Scéim á cur i dtoll a chéile, dhírigh an eagraíocht ar théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla a shárú agus chun seirbhísí teanga a sholáthar dá bpáirtithe leasmhara thar cheangal ama 3 bliana na scéime. Lena gcuspóir a bhaint amach, thug an BAI faoi chur chuige tréan réamhghníomhach a ghlacadh agus infheictheacht a chinntiú don teanga ar gach leibhéil.

Cuireann gealltanais Ghaeilge an BAI ar chumas páirtithe leasmhara idirchaidreamh a bheith acu leis an eagraíocht trí Ghaeilge, más mian leo. Beidh líon méadaithe seirbhísí arna soláthar trí Ghaeilge nó go dátheangach agus léireofar tionscnaimh ina thaobh sin i bpleananna corparáideacha amach anseo. Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhonn rialta d'fhonn an scéim a fhorbairt níos mó le linn ceangail ama ina dhiaidh seo.

Dhearbhaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo agus beidh éifeacht ag an scéim ón **16 Meán Fómhair 2013**. Fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhníonn an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, pé tráth is déanaí.

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014

Faoi théarmaí Chomhaontuithe Pháirc an Chrócaigh agus Bhóthar Haddington araon, rinne an BAI réimse gealltanas agus é ina chuspóir feabhas a chur ar a mbainistíocht acmhainní daonna, a bpróisis ghnó agus a seachadadh seirbhíse don saoránach. Déanann an BAI tuairisciú ar dhul chun cinn i leith na ngealltanas a rinneadh don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha gach sé mhí. Anuas air sin, agus ar aon dul le gach gníomhaireacht seirbhíse poiblí, tá an BAI tiomanta do dhul chun cinn a shonrú i leith na ngealltanas ina dTuarascálacha Bliantúla.

Ríomhrialtas/TFCanna

Tá an BAI tiomanta do mhórthionscnamh TF a thabhairt isteach thar thréimhse trí bliana. Nuashonraíodh an Straitéis in 2013 chun na tosaíochtaí don eagraíocht a léiriú. Díríonn an Straitéis TF ar éifeachtúlachtaí, cáilíocht seirbhíse agus luach ar airgead a fhorbairt don BAI agus dá bpáirtithe leasmhara. I measc an dul chun cinn sa tréimhse atá faoi chaibidil tá forbairt an chórais Bhainistíochta Seirbhíse TF ar bhonn píolótach; oiliúint

intí Excel a sholáthar don fhoireann uile; roinnt uirlisí leictreonacha a fhorbairt chun féintuairisciú na bpríomhshonraí a éascú ag an tionscal craolacháin, d'fhonn an t-ualach rialála a laghdú agus rochtain níos fusa a éascú ar na sonraí sin; agus, forbairt láithreán gréasáin nua ar a bhfuil go leor meán, baifuture.ie a éascóidh idirghníomhaíocht fheabhsaithe. Úsáideadh an láithreán gréasáin seo le haghaidh dhá chomhairliúchán phoiblí in 2013.

Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an BAI tiomanta d'fhorbairt sheasmhach a dhéanamh ar a bpointí rochtana ar fhaisnéis don saoránach agus d'aonáin rialaithe. Príomhghné don BAI is ea soláthar faisnéise i bhformáidí iolracha, lena n-áirítear trí láithreán gréasáin an BAI. Sa tréimhse atá faoi chaibidil, ghlac an eagraíocht le cur chuige níos straitéisí i leith úsáid na meán sóisialta, ar ar tháinig méadú suntasach ar láithreacht mheán sóisialta na heagraíochta le hocht mí dhéag anuas. Bhí a gcéad imeacht Comhrá Phoiblí ar siúl ag an BAI i Nollaig 2013 ar ábhar na gcaighdeán sa chraolachán. Rinneadh an t-imeacht a shruthú go beo agus d'fhreastail réimse fairsing de ghrúpaí ionadaíocha air. Bhí fáil ar ábhar comhairliúcháin a chruthaigh an BAI i líon méadaithe formáidí. Agus aird ar litearthacht sna meáin, chuir an BAI lena dteagmhálaithe trí líonra na leabharlainne d'fhonn faisnéis chomhairliúcháin a scaipeadh.

Feabhsú Próiseas Gnó

Thug an BAI gealltanas chun tabhairt faoi athbhreithniú straitéiseach ar shonraí inmheánacha chun faisnéis a shainaithint a iarrtar go rialta ó chraoltóirí, anuas ar anailís a dhéanamh ar shonraí tionscail agus sonraí eile lena mbaineann ríthábhacht d'fheidhmeanna rialála an BAI. Ag eascairt uaidh seo, forbraíodh líon tionscnamh d'fhonn an rochtain a chuíchóiriú ar shonraí, chun cinnteacht a chruthú ar leibhéal an tionscail maidir le riachtanas sonraí an BAI agus chun coinneáil agus diúscairt éifeachtúil sonraí a chinntiú a theastaíonn maidir le feidhmeanna an BAI. I measc na dtionscnamh, tá forbairt teimpléad sonraí craoltóra, agus forbairt agus cur i bhfeidhm beartas coinneála agus diúscartha le haghaidh bainistíocht éifeachtach taifead.

Bainistiú Réadmhaoine

Rinne an BAI gealltanas chun dul i ngleic le coigiltí i gcostais fuinnimh agus chun limistéir a shainaithint ina gcaillltear fuinneamh ar áitreabh an BAI. D'oibrigh an eagraíocht, chomh maith, leis an bhfoireann chun iarrachtaí na heagraíochta a mhéadú agus chun athruithe iompraíochta a spreagadh d'fhonn cur le coigiltí méadaithe fuinnimh. Críochnaíodh iniúchadh fuinnimh, lena n-áirítear anailís ar úsáid gáis agus leictreachais. Rinneadh breithniú ar réimse moltaí agus rinneadh buiséadú agus comhaontú orthu le haghaidh 2014.

Uaireanta Breise Oibre

Ar aon dul le Comhaontú Bhóthar Haddignton, choigeartaigh an BAI a gcroí-uaireanta oibre ó idir 9.30 agus 5.30 go dtí idir 9.00 agus 5.30, ó Luan go Déardaoin agus idir 9.00 agus 5.00 ar an Aoine. Chuir an fhoireann go léir an eagraíocht ar an eolas faoi conas a oibreofar uaireanta breise, de réir mar is cuí agus chuir an eagraíocht an fhaisnéis seo i dtaifead. Tá coinne leis go n-eascróidh laghdú as na huaireanta breise ar an leibhéal ionad ama a oibríonn an fhoireann.

Bainistíocht Níos Fearr Acmhainní Daonna: Bainistíocht Feidhmíochta

Faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus Bhóthar Haddington araon, thug an BAI gealltanas chun a gcóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (PMD) a threisiú, go háirithe an bealach ina dtéitear i ngleic le feidhmíochta, ina mbronntar luaíocht ar fheidhmíocht agus a chuirtear i leith na feidhmíochta. Chomh maith leis sin, lorg an BAI lena chinntiú go bhfuil an cur chuige lena nglactar ailínithe le struchtúr nua maitríse na heagraíochta. Is éard a bheidh i gceist leis seo go gcuimseofar creatlach inniúlachta don BAI agus go bhforbrófar próifílí róil le haghaidh gach gráid mar bhonn saincheaptha chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Faoi dheireadh na bliana, bhí monatóireacht déanta ag AD ar cháilíocht agus comhsheasmhacht seachadadh PMD agus bhíothas sásta leis an méid a bhí an fhoireann ag dul i ngleic leis an bpróiseas PMD.

Beartais a bhaineann go Sonrach leis an Earnáil

Coigeartaíodh na rátaí ragoibre sa BAI, i gcomhréir le leasuithe Chomhaontú Bhóthar Haddington. Cuireadh forálacha an Chomhaontaithe maidir le breisíochtaí in iúl d'fhoireann uile an BAI ar bhonn aonair agus d'fhreagair an fhoireann uile trína chur in iúl don eagraíocht conas is mian leo go gcuirfear forálacha na gné seo den Chomhaontú i bhfeidhm orthu. Cuireadh ciorrú pá, faoi mar a fhoráiltear sa Chomhaontú, i bhfeidhm ar na comhaltaí ábhartha foirne den BAI.

Halla na Laoch an PPI/an BAI

In 2012, d'fhógair coiste eagrúcháin Ghradaim Raidió PPI go mbunófar Halla na Laoch. Tá de chuspóir ag an onóir ghalánta seo gradam a bhronnadh orthu siúd a chuir go mór leis an raidió in Éirinn agus féadfaidh na craoltóirí éagsúla ainmniúcháin a dhéanamh. Is éard is féidir bheith i measc na n-ainmniúchán ná daoine a bhfuil aithne mhaith orthu nó iad siúd a oibríonn amach ón láthair.

In 2013, tugadh isteach triúr comhaltaí nua i Halla na Laoch. Tugadh na "laochanna" seo de Raidió na hÉireann isteach go foirmiúil ag searmanas a bhí ar siúl in oifigí an BAI an 30 Meán Fómhair 2013. Bhí an triúr daoine aonair mar aíonna onóra, chomh maith, ag searmanas bliantúil Ghradaim Raidió PPI a thit amach Dé hAoine an 4 Deireadh Fómhair 2013.

Ba iad an triúr ionduchtaithe in 2013:

1 **Joe Duffy** Craoltóir

2 **Bill Golding** Aisteoir

3 **Liam O'Shea** Príomhfheidhmeannach, Clare FM agus Tipp FM

1

2

3

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN

RÁITIS AIRGEADAIS

Don bhliain dar críoch an 31ú lá de Nollaig 2013

CLÁR ÁBHAIR

Ráiteas ar Fhreagrachtaí	47
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais	48
Tuarascáil an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste	50
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta	51
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	53
Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta	54
Clár Comhardaithe	55
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	56
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	57

Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009 (an tAcht), tá Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain ón 1ú lá d'Eanáir 2013 go dtí an 31ú lá de Nollaig 2013, sa chaoi is go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí Údarás Craolacháin na hÉireann mar a bhí ar an 31ú le de Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmh;
- Breithiúnais agus measúnaithe a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibre;
- Dearbhú a dhéanamh cé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamh-chomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as:

- Leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 37(2) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm atá ceadaithe ag an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.
- Sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Bob Collins
Cathaoirleach

Michelle McShortall
Comhalta den Údarás

27/6/14

Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Admhaímse, thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, an fhreagracht atá ar an Údarás a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú faoi mar a éilítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta, nach dearbhú iomlán é, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go n-údaraítear agus go gcláraítear na hidirbhearta mar is cuí, agus go gcoisctear gach earráid nó neamhrialtacht ábhartha nó go n-aimsítear in am trátha iad.

Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

Ghlac an Coiste le bearta le timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Fhreagrachtaí an lucht bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go gceartaítear iad.

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá mar bhaol don chomhlacht a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlóidh na rioscaí a aithníodh;
- An cumas atá ag an Údarás a aithint chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an tÚdarás athbhreithniú air agus comhaontú faoi;
- Athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomórtas leis an réamhaisnéis;
- Spriocanna a leagadh síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte rialúcháin soiléire faoi infheistíocht chaipitiúil.

Ráiteas Maidir Le Rialú Inmheánach Airgeadais

Bíonn obair fheidhm an iniúchta inmheánaigh treoraithe ag anailís a dhéantar ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nochta. Bíonn an plean iniúchta bliantúil bunaithe ar an anailís sin.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tarraingíonn sé ar shaothar an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Airgeadais, Iniúchta & Riosca a rinne maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar ráitis a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaímse go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais i rith na bliana dar críoch an 31ú le de Nollaig 2013.

Arna shíniú thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann.

Bob Collins
Cathaoirleach

27/6/14

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Broadcasting Authority of Ireland

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ended 31 December 2013 under the Broadcasting Act 2009. The financial statements, which have been prepared under the accounting policies set out therein, comprise the statement of accounting policies, the income and expenditure account, the statement of total recognised gains and losses, the balance sheet, the cash flow statement and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 37 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland.

Responsibilities of the Authority

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view of the state of the Broadcasting Authority of Ireland affairs and of its income and expenditure, and for ensuring the regularity of transactions.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

My responsibility is to audit the financial statements and report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

Scope of audit of the financial statements

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and
- the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

Opinion on the financial statements

In my opinion, the financial statements, which have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice in Ireland, give a true and fair view of the state of the Authority's affairs at 31 December 2013 and of its income and expenditure for 2013.

In my opinion, proper books of account have been kept by the Authority. The financial statements are in agreement with the books of account.

Matters on which I report by exception

I report by exception if

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- my audit noted any material instance where money has not been applied for the purposes intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or
- the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements, or
- the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or
- I find there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
30 **June 2014**

Ráiteas Maidir le Beartais Chuntasaíochta

An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Tá Ráitis Airgeadais an Údaráis leagtha amach i bhfoirm atá faofa ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le toiliú an Aire Airgeadais agus ullmhaíodh iad ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir Prionsabal Cuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta. Glactar leis na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais.

Ioncam ó Thobhach

Is é príomhfhoinse ioncaim an Údaráis ná ioncam a ghintear ó thobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin mar a éilítear faoi Alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Úsáidtear an tobhach chun íoc as costais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla agus tá sé bunaithe ar an gcaiteachas buiséadaithe do bhliain airgeadais ar leith.

Faoi Alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, is éard a dhéanfar le haon bharrachas a bheidh san ioncam tobhaigh i gcomparáid le caiteachais a thabhóidh an tÚdarás i gcomhlíonadh a fheidhmeanna agus a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe ná go gcoinneoidh an tÚdarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí tobhaigh don bhliain dar gcionn, nó go ndéanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a ngearrtar an tobhach.

Tá cur síos mionsonraithe ar an bonn atá le ríomh an tobhaigh le fáil san Acht Craolacháin 2009 (Alt 33) An tOrdú Tobhaigh 2010.

Ioncam ó Táillí Ceadúnaithe

Sa bhreis ar fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, is é an tÚdarás atá freagrach as conarthaí a dhámhadh le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar mheáin éagsúla. Tríd is tríd, déanann an tÚdarás dhá chineál conarthaí le hoibreoirí craolacháin mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin;
- Conarthaí maidir le Soláthar Ábhar.

Féadfaidh táillí ceadúnaithe a bheith iníoctha don BAI ag iarratasóirí le haghaidh conarthaí agus ag conraitheoirí de bhun na bhforálacha reachtúla. Is féidir táillí den sórt sin a athrú ó am go ham i gcomhréir le beartais agus straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile

Tugtar Ioncam Eile chun cuntais thar an tréimhse lena mbaineann sé.

Léasú

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Ráiteas Maidir le Beartais Chuntasaíochta

Sócmhainní Seasta & Dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil i leith na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir agus ríomhtar é chun costas gach sócmhainne díobh a dhíscríobh go dtí a luach iarmharach measta thar a saol úsáideach measta trí thráthchodanna bliantúla comhionanna mar seo a leanas:

▶ Trealamh ríomhaireachta	33%
▶ Trealamh Oifige	20%
▶ Daingneáin agus Feistis	10%
▶ Feabhsúcháin Léasachta	10%
▶ Fearas Fuaime/Teicniúil	33%
▶ Mótarfheithiclí	25%

Cuireadh ráta 10% ar fáil i leith feabhsúcháin a rinneadh ar oifigí an Údaráis ag 2-5 Plás Warrington mar tá sé beartaithe go gcoinneoidh an tÚdarás seilbh ar na hoifigí agus nach mbeidh sé riachtanach aon fheabhsú suntasach a dhéanamh orthu ar feadh 10 mbliana ar a laghad. Rachaidh an léas ar an áitreabh sin in éag in 2021.

Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an méid ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

Pinsin

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim pinsin sochair shainithe. Tá socrú ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha trína ndéanfar an t-airgead go léir a bheidh riachtanach chun na hoibleagáidí pinsin a réiteach nuair a bheidh siad dlite a aisíoc leis an Údarás. Mar chúiteamh ar sin tá ar an Údarás méid comhionann le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha móide ranníocaíocht fostóra ag rátaí atá leagtha síos ag an Roinn Airgeadais.

Cuimsíonn costais phinsin ranníocaíocht an fhostóra i leith na bliana.

Léiríonn dliteanais pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Aithnítear sócmhainn, ar cóimhéid leis an dliteanas sin agus a léiríonn na méideanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i gcomhair pinsean nuair a bheidh siad dlite agus aithnítear an tsócmhainn sin ar bhunús an socraithe um maoiniú pinsean atá i bhfeidhm.

Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin arb ionann iad agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag foireann an Údaráis go dtí seo ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais pinsean na sochair phinsean atá tuilte ag fostaithe an Údaráis sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na bhfostaithe, a choinníonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Déantar an méid atá le háireamh sna ráitis airgeadais mar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha an Státchiste a mheas mar mhéid atá comhionann le meastachán na hoibleagáide maidir le dliteanais na scéime pinsin.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó thaithí barrachais agus ó easnaimh sa Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Iomlán Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid maidir le Maoiniú Pinsean Iarchurtha an Státchiste.

Cánachas

Níl an tÚdarás faoi dhliteanas Cháin Chorparáide. Tá ioncam a thiomsaíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

Cuntas Ioncaim Agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch an 31ú le de Nollaig 2013

	Nóta	**2013**	**2012**
Ioncam		**€'000**	**€'000**
Tobhach	*1*	4,885	4,998
Táillí Ceadúnaithe	*2*	22	3
Ioncam Eile	*3*	872	952
Ollioncam		**5,779**	**5,953**
Aistriú ón gCuntas Caipitil	*14*	54	269
		5,833	**6,222**
Caiteachas			
Costais Foirne	*4*	2,248	2,123
Costais Phinsin	*18(c)*	284	266
